
**An Mol Digiteach** Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Cruthaitheach
# Inbhuanaithe
# Spriocdhírithe



THE DIGITAL HUB





# An Mol Digiteach - Tuarascáil Bhliantúil 2025


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil an POF | 4 |
| Obair an DHDA | 6 |
| Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta | 12 |
| Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail | 16 |
| Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta agus Cruthaitheach | 20 |
| Ag Díriú ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú | 22 |
| Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge | 24 |
| Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag An Mol Digiteach in 2025 | 25 |
| An Bord | 26 |
| Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2025 | 27 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais 2025 a chur i láthair.



Ba bhliain thábhachtach í 2025 don DHDA mar gur fhoilsigh an ghníomhaireacht Plean Straitéiseach trí bliana (2026-2028).

Rinneadh an plean a bhreithniú agus a fhorbairt go cúramach chun treoir a thabhairt d'aistear chun cinn an DHDA agus é ag dul isteach i dtréimhse bhunathraitheach sna blianta amach romhainn.

Agus í ag obair go dlúth leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS), an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBhÁC), tá an DHDA in ann ag an bpointe seo an próiseas a thabhairt chun críche trína bhféadfar cinneadh an Rialtais ón mbliain 2021 an DHDA a dhíscaoileadh a chur i gcrích agus caibidil nua spreagúil a thionscnamh don ghníomhaireacht.

Mar chuid den chur chuige comhaontaithe, tá an DHDA ag aistriú cuid dá cuid talún agus dá foirgnimh fholamha agus thréigthe chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun tithíocht inacmhainne agus shóisialta a sholáthar.

Cé go bhforbróidh an GFT tithíocht ar chodanna de champas an Mhoil Dhigitigh, leanfaidh an DHDA de bheith ag bainistiú foirgnimh an Mhoil atá athchóirithe cheana féin agus atá in úsáid, foirgnimh a fhanfaidh ina n-áit agus a bheidh, faoi dheireadh thiar, ann taobh le taobh le tithe ardchaighdeáin a sholáthróidh an GFT.

Tríd an bpróiseas seo cinnteofar leanúnachas do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí atá ina mbaill den Mhol Digiteach cheana féin, agus ag an am céanna is féidir ceathrú cathrach nua rathúil inbhuanaithe a chruthú, ina mbeidh deiseanna fostaíochta agus gníomhaíocht fhiontraíochta chomh maith le tithíocht, áiseanna agus saoráidí nua.

Idir an dá linn, oibreoidh an DHDA agus CCBhÁC i gcomhar le chéile ar ról forbartha agus leathnaithe don DHDA, ag baint leasa as foireann oilte an DHDA, a bhfuil taithí fhairsing acu ar fhorbairt fiontair, bainistíocht réadmhaoine, athnuachan uirbeach agus for-rochtain pobail.

Ansin, casfaidh an DHDA chun bheith ina eintiteas dlíthiúil ar leith a oibreoidh faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBhÁC), faoi réir ceadú ón Aire agus ón Rialtas. Éascóidh an t-aistriú seo díscaoileadh an DHDA mar a cheanglaítear le cinneadh an Rialtais ón mbliain 2021.

Chomh maith le pleanáil don am atá romhainn, ba bhliain gníomhaíochta í 2025 don DHDA. Is cúis áthais dom a chur in iúl go raibh a punann foirgneamh atá ag fás á cothú agus á feabhsú ag an DHDA i gcónaí chun an úsáid laethúil tháirgiúil agus an fheidhmíocht chomhshaoil a bhaintear astu a uasmhéadú.

Tá tús curtha leis an obair athchóirithe ar Thúr Phádraig, agus táim ag tnúth le hoscailt oifigiúil an spáis nua seo a bheidh ann le haghaidh imeachtaí agus taispeántas don Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8 agus don chathair i gcoitinne.

Lean An Mol Digiteach de bheith ag feidhmiú ag lánacmhainn nach mór, ó cheann ceann na bliana. Bhí 58 gnólacht, fiontar sóisialta agus eagraíocht chultúrtha lonnaithe ar an gcampas san iomlán agus bhí thart ar 600 duine fostaithe acu.

Tá bród orm a rá go bhfuil eagraíochtaí ballraíochta fós ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, sna meáin digiteacha agus sna tionscail chruthaitheacha agus iad ag obair ar fud na bpríomhearnálacha a chuireann le hathléimneacht agus le hinbhuanaitheacht gheilleagar na hÉireann. Tá siad dírithe ar nuálaíocht, cruthaitheacht agus teicneolaíocht ar mhaithe leis an leas coiteann, agus tá líon mór a n-éachtaí leagtha amach sa tuarascáil seo.

Tá an rogha ag baill spás a fháil ar cíos in áit eile i mBaile Átha Cliath, ach tá cinneadh déanta acu dul isteach sa Mhol Digiteach agus fanacht ann. Tá sé seo amhlaidh, go pointe áirithe, mar gheall ar chultúr oibre tacúil, solúbtha an Mhoil, an tuiscint atá ag an DHDA ar a gcuid riachtanas, agus an grá atá acu don chultúr agus don phobal sna Saoirsí, ceantar stairiúil i mBaile Átha Cliath 8.



Is mór ag an DHDA a cuid ball agus oibríonn sí i gcónaí leo chun deiseanna a chruthú dóibh dul i dteagmháil lena bpiaraí, foghlaim uathu agus spreagadh a fháil uathu.

Bhí féilire imeachtaí gnóthach ag An Mol Digiteach in 2025 agus tá an DHDA tiomanta d’úsáid na spásanna solúbtha atá ar fáil ar an gcampas a bharrfheabhsú.

Tá an obair thábhachtach seo le feiceáil ar fud na tuarascála bliantúla seo, ina sonraítear leis, cláir agus comhpháirtíochtaí fairsinge an Mhoil i réimsí na hintleachta saorga, na teicneolaíochta doimhne, na foghlama digití, na n-ealaíon digiteach, agus na nuálaíochtaí i gcúrsaí sláinte agus folláine.

Ciallaíonn fairsinge agus raon ghníomhaíocht an Mhoil Dhigitigh go bhfuil ról ríthábhachtach aige i ngnéithe lárnacha den bheartas poiblí, lena n-áirítear athnuachan uirbeach, cruthú fiontar, sláinte, oideachas, forbairt pobail, ionchuimsiú digiteach, fostaíocht, gníomhú ar son na haeráide, ealaíona, cultúr agus oidhreacht.

Agus í ag obair i ndlúthchomhpháirtíocht le luchtanna leasa, tá an DHDA tiomanta do leanúint de Bhaile Átha Cliath 8 a bhunú mar shamhail d’athghiniúint uirbeach shóisialta, inbhuanaithe.

Mar Chathaoirleach ar an DHDA, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair iontach a rinne mo réamhtheachtaí Paul Holden, ar tháinig deireadh lena théarma in 2025. Bhí an obair a rinne Pól mar Chathaoirleach don DHDA thar barr, agus d’fhág sé saothar buan, lán de bhrí ina dhiaidh. Tá an t-ádh liom é seo a bheith agam mar oidhreacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an DHDA as a dtiomantas agus a n-obair chrua a rinne siad i gcaitheamh na bliana, agus go háirithe leis an bPríomhfheidhmeannach, Fiach Mac Conghail.

Táim thar a bheith buíoch leis, as treoir agus tacaíocht na gcomhaltaí Boird uile. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an tacaíocht a thug an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O’Donovan TD, agus oifigigh a Roinne, atá ag leanúint de bheith ag obair linn chun an próiseas díscaoilte a chur i gcrích ar bhealach a chosnaíonn obair oidhreachta an Mhoil Dhigitigh go dtí seo.

**Darina Kneafsey**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an POF



## Ba bhliain shuntasach í 2025 don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach

Ba bhliain shuntasach í 2025 don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) agus sinne ag leanúint ar aghaidh ag cur pleananna uaillmhianacha chun cinn dár ngnó agus dár gcampas i gcroílár na Saoirsí i mBaile Átha Cliath.

Chuireamar forbairt Phlean Straitéisigh nua (2026-2028) chun cinn, thosaíomar ar obair athchóirithe ar Thúr Phádraig agus leanamar orainn ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus í ag pleanáil le haghaidh forbairtí tithíochta nua ar chodanna de champas an Mhoil Dhigitigh. Chuireamar fáilte roimh ghnólachtaí agus eagraíochtaí nua chomh maith, mheallamar níos mó úsáideoirí chuig ár spásanna solúbtha agus cheiliúramar garspriocanna tábhachtacha maidir le soláthar ár gclár nuálach pobail.

Idir an dá linn, lean na gnólachtaí agus na heagraíochtaí tionscail atá lonnaithe ag an Mol Digiteach de bheith ag nuáil, ag forbairt agus ag fás ar fud na n-earnálacha teicneolaíochta, gnó agus na n-ealaíon cruthaitheach.

Mar Phríomhfheidhmeannach, is cuimhin liom gurbh é ceann de na tráthanna ba shuntasai i 2025 ná seoladh na n-oibreacha athchóirithe agus caomhnaithe ag Túr Phádraig, foirgneamh íocónach stairiúil atá suite i lár ár gcampais.

Tá an tionscadal tábhachtach seo á chur i gcrích le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Déanfaidh sé spás nua d’imeachtaí, do thaispeántais agus don phobal den urlár thalúin, rud a éascóidh úsáid an fhoirgnimh den chéad uair ó na 1860idí.

Cuirfidh Túr Phádraig, agus é athchóirithe, tuilleadh feabhais ar phunann foirgneamh an DHDA, foirgnimh atá á gcothabháil agus á mbainistiú go cúramach agus atá in úsáid ag an bpointe seo.

Neartóidh sé freisin na pleananna níos fairsinge d’fhorbairt amach anseo ar champas an Mhoil mar chuid de mháistirphlean Chrosaire Chrann Piorraí de chuid na GFT.

Comhroinneann an DHDA fís na GFT maidir le tithíocht shóisialta, inacmhainne nua mar aon le háiseanna, agus é seo suite taobh le foirgnimh fiontraíochta rathúla dár gcuid, agus leanaimid de thacaíocht ghníomhach a thabhairt don GFT de réir mar a théann sé ar aghaidh ó dhearadh agus pleanáil go tógáil.

Táimid muiníneach go mbeidh pobal bríomhar, inbhuanaithe ann i gcroílár na Saoirsí mar thoradh ar an cur chuige comhpháirtíochta seo, a bheidh ag cruthú áit nua chun cónaí agus chun obair ann do chónaitheoirí nua agus don phobal áitiúil atá ann cheana.

Ciallóidh sé freisin go mbeidh formhór na n-eagraíochtaí atá ina mbaill den Mhol Digiteach faoi láthair in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna foirgnimh ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair, rud a chinnteoidh go bhfanfaidh deiseanna fostaíochta agus gníomhaíocht ghnó araon i gcuid de Bhaile Átha Cliath atá ag baint tairbhe cheana féin as an athghiniúint atá ar bun.

Mar a leagadh amach i ráiteas an Chathaoirligh, reáchtáladh plé leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt in 2025 maidir leis an ról a d’fhéadfadh an DHDA a chomhlíonadh amach anseo i mbainistiú na réadmhaoine sin agus réadmhaoin eile.

Mar chuid den obair seo beidh an DHDA á dhíscaoileadh de réir mar a éilíonn cinneadh an Rialtais 2021 agus déanfar eintiteas dlíthiúil ar leith den DHDA ansin a bheidh faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi réir ceadú ón Aire agus ón Rialtais.

D’fhan áitíocht ag an Mol Digiteach os cionn 90% in 2025 agus sinne ag cur fáilte roimh chúig bhalleagraíocht nua, Codema – Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Brokentalkers, cuideachta amharclainne a bhfuil duaiseanna bainte amach acu, Dublin Camera Club, Coláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus The Production Company, gnólacht léiriúcháin físe lánseirbhíse san áireamh.



Le blianta beaga anuas, táimid tar éis leanúint d'úsáid ár spásanna solúbtha a thairiscint do mheascán éagsúil eagraíochtaí agus cuideachtaí ar fud na cathrach, agus bhí sé sin ina nuálaíocht ar éirigh leis i gcónaí in 2025.

D'óstálamar roinnt cuideachtaí amharclainne mór le rá le haghaidh cleachtaí agus léirithe ar ár gcampas, ina measc Amharclann Gaiety, Amharclann na Mainistreach agus Comhlacht Amharclainne Druid. Bhíomar ina n-óstach leis, ar Founders' Exchange de chuid Enterprise Ireland agus Silicon Republic, fóram do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime.

Leanadh d'fhóraim phlé agus de cheardlanna tionscail a reáchtáil go rialta ag an Mol Digiteach agus áiríodh le himeachtaí 2025 sraith de chruinnithe Dublin Dataviz, rud a thug deis do mheascán éagsúil dearthóirí, forbróirí, iriseoirí agus daoine eile bealaí nua a cheapadh chun scéalta amhairc a insint ag baint úsáide as sonraí.

Lean an Mol Digiteach de bheith ina ionad d'imeachtaí cultúrtha amhail Culture Date with Dublin 8, Féile na Saoirsí, Féile Fringe Bhaile Átha Cliath agus Féile Beta.

Idir an dá linn, d'fhanamar dílis dár misean, is é sin, cláir nuálacha a sheachadadh don phobal áitiúil, lena n-áirítear iad siúd a chónaíonn i mBaile Átha Cliath 8, idir óg agus aosta, agus iad siúd atá ag obair agus ag staidéar sna Saoirsí agus sa cheantar máguaird.

Tá lua ar leith tuillte leis ag an D8 Surfers Club, clár digiteach saor in aisce d'fhoghlaimeoirí breacaosta, a cheilliúr deich mbliana ar an bhfód i mí na Nollag.

Thug ár ngníomhaíocht in 2025 na mílte cuairteoir chuig ár gcampas, rud a chabhraigh leis an Mol Digiteach leanúint de bheith ina bhaile spreagúil, nuálach, comhoibríoch dár mballchuideachtaí.

Is tosaíocht dúinne é a chinntiú go gcuirtear cúnamh ar fáil do na cuideachtaí seo le go n-éireoidh leo, agus leanaimid orainn ag soláthar an oiread tacaíochta agus is féidir dóibh.

Tugtar tuairisc ar a gcuid éachtaí ar leith in áiteanna eile sa tuarascáil seo, ach tá an-áthas orm uair eile go n-áirítear ar líon mór a gcuid éachtaí duaiseanna, rath i gcomórtais, seolta táirgí, babhtaí maoinithe inár éirigh leo, custaiméirí nua agus margaí idirnáisiúnta.

De réir mar a leanann an DHDA ag cur pleananna uaillmhianacha chun cinn don Mhol Digiteach, spreagann fuinneamh agus tiomantas ár mballeagraíochtaí sinn, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an ról atá acu i gcónaí lena chinntiú go bhfanann ár gcampas ina mhol fiontraíochta spreagúil, rathúil atá fréamhaithe i bpobal bríomhar lár na cathrach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis, le Paul Holden as a cheannaireacht den chéad scoth. Tháinig deireadh le téarma Phóil mar Chathaoirleach ar an DHDA in 2025 tar éis ocht mbliana inar thug sé aghaidh ar dheiseanna agus ar dhúshláin le tiomantas gan staonadh don tseirbhís phoiblí agus le teacht aniar. Bhí a chomhairle chiallmhar agus a spreagadh thar a bheith luachmhar dom féin agus do mo chomhghleacaithe.

Ceapadh Darina Kneafsey mar Chathaoirleach nua againn i dtreo dheireadh na bliana 2025. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Darina agus buíochas a ghabháil léi araon, bean a bhfuil a comhairle agus a tacaíocht fíorthábhachtach cheana féin mar chabhair chun cuspóirí straitéiseacha an DHDA a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann iontach uile na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach. Chinntigh siad lena a gcuid oibre crua agus a ndíograis go raibh bliain rathúil ag an Mol Digiteach in 2025 agus go bhfuil cuma mhaith air i gcónaí chun tuilleadh ratha a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

**Fiach Mac Conghail**
Príomhfheidhmeannach



# Obair an DHDA

## Plean Straitéiseach 2026-2028

Chuir Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) Plean Straitéiseach trí bliana (2026-2028) le chéile. Leagann an plean fís an DHDA do thodhchaí an Mhoil Dhigitigh amach. Forbraíodh go cúramach é i gcomhairle le Bord agus foireann an DHDA, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún.

Sa Phlean Straitéiseach sonraítear an próiseas trína bhféadfar cinneadh an Rialtais ón mbliain 2021 maidir leis an DHDA a dhíscaoileadh agus campas an Mhoil Dhigitigh a úsáid le haghaidh tithíochta a chur i gcrích, chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfaí eintiteas dlíthiúil ar leith den Mhol Digiteach faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi réir ceadú ón Aire agus ón Rialtas.

## Fís

Faoi dheireadh na bliana 2028, beidh forbairt na bhfoirgneamh tréigthe ag an GFT socraithe ag an DHDA, agus beidh an bhraisle fiontraíochta, na cláir phobail, na foirgnimh ghníomhacha agus scileanna na foirne suite acu ionas go mbeidh siad réidh le haistriú mar eintiteas dlíthiúil ar leith chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, rud a réiteoidh an bealach don Mol Digiteach le bheith ina chroílár do cheathrú chathrach chomhtháite inbhuanaithe.

## Misin

Tá Mol Digiteach ann chun gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe a mhealladh isteach chuig Baile Átha Cliath 8, mar aon le háiseanna sóisialta agus cultúrtha a chuireann le folláine an phobail áitiúil.

## Cuspóirí

I rith thréimhse na straitéise, saothróidh an DHDA, gan aon ord tosaíochta, cúig chuspóir straitéiseacha:

1. Tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún beartas an Rialtais maidir le soláthar tithíochta ar champas an Mhoil Dhigitigh agus ina thimpeall a chur i ngníomh.
2. Ár bhfoirgnimh a chothabháil agus a fheabhsú chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil tháirgiúil a uasmhéadú agus chun tuilleadh tréigthe a chosc.
3. An bhraisle fiontraíochta a fhorbairt agus tacú léi, agus díriú níos mó agus níos mó ar nuálaíocht, ar chruthaitheacht agus ar theicneolaíocht ar mhaithe leis an leas coiteann.
4. Réimse clár pobail atá dírithe ar an tsláinte, an bhfolláine agus ar inbhuanaitheacht a fhorbairt agus tacú leo.
5. Comhoibriú leis na luchtanna leasa uile chun Baile Átha Cliath 8 a bhunú mar shampla d'athnuachan uirbeach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.








# 01 Cruthaitheach

## An Campas

Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí spás oifige comhlán 60,612 troigh chearnach ag campas an Mhoil Dhigitigh ullamh le ligint ar léas ar fud naoi bhfoirgneamh gníomhacha. Ina thaobh sin bhí spás oifige glan 51,354 troigh chearnach i gceist mar aon le 1,758 troigh chearnach do spásanna deisce aonair agus 7,500 troigh chearnach do spásanna d'imeachtaí.

I rith na bliana, lean an Mol Digiteach de thacaíocht a thabhairt do na ballchuideachtaí agus na balleagraíochtaí atá lonnaithe i spás oifige ag an Mol Digiteach, ina measc sin cuideachtaí teicneolaíochta seanbhunaithe agus nuathionscanta, eagraíochtaí cruthaitheacha agus fiontair shóisialta.

Ag deireadh na bliana bhí 58 ballchuideachta agus balleagraíocht lonnaithe ar champas an Mhoil Dhigitigh. Tháinig cúig bhall nua isteach in 2025 agus d'óstáil na spásanna ilfheidhmeacha – An Banc, Bá 1, iD8 Stiúideo agus Stiúideo 2 – na mílte cuairteoir ag imeachtaí éagsúla lena n-áirítear cruinnithe agus cúrsaí oiliúna chomh maith le cleachtaí amharclainne, taispeántais ealaíne agus go leor eile.



## Buaicphointí ón gcampas in 2025:

### We Love Markets - Is Breá linn Margaí

Lean We Love Markets de bheith ag reáchtáil a margadh na miolta míosúil agus margaí speisialta breise le teacht i gcomhthráth le Lá Fhéile Pádraig, Culture Date with Dublin 8, Féile na Saoirsí, Oíche Chultúir agus an Nollaig. Tugann an margadh a bhíonn ar siúl ag an Mol Digiteach ó 2022 beagnach míle cuairteoir go dtí an Mol Digiteach gach mí, á nascadh le healaíontóirí, dearthóirí agus déantóirí áitiúla, le táirgeoirí bia ceirde, agus bailitheoirí agus trádálaithe earraí seanré. Bíonn an margadh ag díriú ar an inbhuanaitheacht agus ar an ngeilleagar ciorclach.

### Bloop Groop Dublin

Is pobal sintéiseoirí é Bloop Groop ina dtagann ceoltóirí leictreonacha le chéile i dtimpeallacht thacúil gan bhrú chun ceol a sheinm, eolas a roinnt, tacú lena chéile agus bualadh le daoine nua de gach aois, cúlra agus inscne, a bhfuil grá acu don cheol agus do threalamh sintéiseoirí. Tá an Mol Digiteach ina óstach do chruinnithe míosúla ó 2024 agus tá sé tar éis fás ina ghné rialta d'fhéilire ceoil leictreonaigh Bhaile Átha Cliath. Tá na céadta duine mar chroíbhaill aige.

## Culture Date with Dublin 8

D'óstáil an Mol Digiteach roinnt imeachtaí mar chuid den bhféile bhliantúil Culture Date with Dublin 8. Bhí an taispeántas grianghrafadóireachta 'Celebrating William 'Billy' Mooney' ar siúl ar an gcampas, taispeántas a léirigh rogha de shaothar Billy a cheiliúrann daoine, áiteanna agus buaicphointí a ghairmréime. I measc na n-imeachtaí féile eile bhí margadh na míolta míosúil 'We Love Markets', Siopa Malartaithe le caoinchead ó Change Clothes agus ranganna beachaireachta le Bee8.

## Féile Imill Bhaile Átha Cliath

Bhí dhá léiriú ar siúl ar champas an Mhoil Dhigitigh mar chuid d'Fhéile Imill Bhaile Átha Cliath. Thug Minaw Collective, guth ceannródaíoch i saol na healaíne sráide in Éirinn, cuireadh don lucht spéise féachaint mar a tháinig beocht i mballaí agus na healaíontóirí sráide is fearr in Éirinn ag péinteáil múrmhaisí beo i dtobsheisiún. Chuir Undone Theatre agus Carmen Collective 'Lessons on Revolution' i láthair ag iD8 Stiúideo ag an Mol Digiteach.

## Oíche Chultúir

Bhí éagsúlacht imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl ar champas an Mhoil Dhigitigh d'Oíche Chultúir, lena n-áirítear an tríú Margadh Oíche Chultúir de chuid We Love Markets, agus 'After Light: These Dark Citizens' – scéal idirghníomhach ar fud na cathrach a thit amach de réir mar a thit an oíche ar na Saoirsí agus ar thimpeallacht Bhaile Átha Cliath 8. Bhí Turas Ealaíne Sráide agus Suiteáil Thumthach 'These Walls' ann chomh maith, mar aon le Taispeántas Grianghrafadóireachta Chlub Ceamara Bhaile Átha Cliath.

## Féile Oíche Shamhna faoi stiúir an phobail

D'óstáil an Mol Digiteach féile Oíche Shamhna bhliantúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arís, féile atá faoi stiúir an phobail. Tugadh 'Haunted Harbour at the Hub' ar an ócáid seo a mheall breis agus 500 duine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar agus atá ag obair ann. Ceiliúradh Oíche Shamhna spraíúil, sábháilte agus oiriúnach don teaghlach a bhí ann.

## Is é Gaza An Scéal i gcónaí

I mí an Mheithimh, d'óstálamar seachtain gníomhaíochtaí cultúrtha Palaistíneacha i mBá 1. Chuir taispeántas saothair le healaíontóirí Palaistíneacha, mar aon le cur i láthair ar stair mhuintir na Palaistíne, cúlra ar fáil do sheachtain d'imeachtaí a thug blaiseadh de chócaireacht, bhróidnéireacht, rince agus cheol na Palaistíne do chuaireoirí.

## Lá Náisiúnta na hÚcráine


Den dara bliain as a chéile, d'óstálamar imeacht Dé Domhnaigh i mí Lúnasa chun lá náisiúnta na hÚcráine a chomóradh. Mheall taispeántas ealaíne, stainníní bia agus táirgí baile, chomh maith le ceol agus rince, 800 cuairteoir ar a laghad, agus ba dhídeanaithe an chuid is mó díobh seo.

## Spás Céadfach ag an Mol Digiteach

Cuireann an Mol Digiteach fáilte roimh aiseolas óna bhallchuideachtaí agus bhalleagraíochtaí, agus bhí áthas ar Oifigeach Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe an Mhoil Dhigitigh gníomhú de réir molta go mbeadh spás ciúin do dhaoine a bhíonn faoi bhrú céadfach ina bhreis iontach ar an gcampas. Cuireann an seomra céadfach spás suaimhneach, tarraingteach ar fáil a thacaíonn le rialú mothúchánach, le fócas agus le folláine.

## Ag tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún

Lean an DHDA ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún i rith na bliana trí páirt a ghlacadh ina cuid grúpaí oibre agus cruinnithe rialta, lena n-áirítear iad siúd le luchtanna leasa eile chun aistrithe réadmhaoine agus talún éifeachtúla chuig an GFT a chur i gcrích.









## Seoladh Phleananna do Thúr Phádraig

D'fhógair an DHDA tús na hoibre tógála chun urlár na talún i dTúr Phádraig, an comhartha tíre stairiúil, a thiontú ina spás nua d'imeachtaí, taispeántais agus pobal, rud a éascóidh úsáid an Túir den chéad uair ó na 1860idí.

Cuirfidh an t-athchóiriú, atá á mhaoiniú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag fáil tacaíochta uaithi, urlár na talún den bhfoirgneamh suntasach oidhreachta seo ar fáil don phobal. Osclófar é le haghaidh úsáide ag cuideachtaí an Mhoil Dhigitigh chomh maith le gnólachtaí áitiúla eile, fiontair phobail, eagraíochtaí ealaíon agus cultúir, scoileanna, coláistí agus grúpaí pobail. Táthar ag súil go gcríochnófar an t-athchóiriú i samhradh na bliana 2026.

Is féidir le suas le 50 duine dul isteach ann agus beidh rochtain air ag cathaoireacha rotha.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh an t-ionad oiriúnach chun cruinnithe agus seimineáir a óstáil, chomh maith le taispeántais agus cainteanna. Caomhnóidh na hoibreacha urlár na talún den bhfoirgneamh go cúramach, agus cuirfidh an t-athchóiriú go mór le punann na bhfoirgneamh athchóirithe ar champas an Mhoil Dhigitigh a bhfuil úsáid lánaimseartha á baint astu arís, punann atá ag dul i méid. Cuirfidh sé ionad fíorspeisialta nua leis an liosta spásanna d'imeachtaí, taispeántais agus pobal atá ar fáil i gcathair Bhaile Átha Cliath freisin.



## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá spriocanna leagtha síos ag an earnáil phoiblí maidir le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh. Mar chuid den phróiseas seo, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, amhail Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), sonraí bliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), eagraíocht a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

| Úsáid Fuinnimh (MWh) | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Leictreachas (MPRN) | 556 | 663 |
| Gás (GPRN) | 836 | 742 |
| Giniúint in-athnuaite ar an láthair | 8.83 | 8.18 |
| Gásola | 0 | 0 |
| **Tomhaltas Iomlán** | 1,400 | 1,413 |

## Giniúint Ar an Láthair ag an Iosta Digiteach


Meastar gur easáitigh na painéil ghréine, atá i mbun oibriúcháin ar fhoirgneamh an Iosta Dhigitigh ó mhí an Mheithimh 2021, 1978 tona carbóin in 2025. Tá an tsuiteáil ghréine seo – córas fótavoltach (PV) gréine 11kw ar an díon – ag táirgeadh leictreachais chun nach gá an leictreachas sin a cheannach ón eangach chumhachta.

Comhlíonann an DHDA Ciorclán 1/2020 go hiomlán. Leagtar amach ann nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal aeir oifigiúil a chúiteamh.

Tá an Mol Digiteach ag gabháil do réimse gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta freisin, lena n-áirítear:

- Uasghrádú soilsithe LED i ngach foirgneamh.
- Uasghrádú Chéim 1 ar an BMS (Córas Bainistíochta Foirgnimh) san Iosta Digiteach.
- Aisfheistiú VRF/aerchóirithe ar an Iosta Digiteach agus díchoimisiúnú an fhuaraitheora.
- Treochlár Gníomhaíochta ar son na hAeráide curtha i gcrích. Tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

## An múnla Bearna-go-Sprioc 2030 um Mhonatóireacht agus Thuairisciú de chuid SEAI.







# Inbhuanaithe

## Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta

Tá an Mol Digiteach i mbun réimse gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta lena n-áirítear:

### Bee 8

Is fiontar sóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de é Bee 8, á bhainistiú ag Togra Pobail na Saoirsí i gcomhpháirtíocht le Smart D8 agus an Mol Digiteach. Is é seo an tionscadal beachlainne uirbeach is mó in Éirinn, agus cuireann an Mol Digiteach cuid bheag dá champas ar fáil do Bee 8 le húsáid ar bhonn sealadach mar ghairdín beach agus mar sheomra ranga faoin aer, áit a gcuirtear cúrsaí eolais ar fáil maidir le bithéagsúlacht agus plandáil.

### Pocket Forests - Foraoisí Póca

Is fiontar sóisialta é Pocket Forests a chuireann dlús le hathrú sóisialta trí chumhacht na ndaoine agus na bplandaí. Cuireadh Pocket Forests ar bun in 2020, agus bhunaigh siad an chéad phlandlann crann dúchasach in Éirinn i lár na cathrach, ag an Mol Digiteach in 2021, agus bhog siad isteach in oifig ag an Mol Digiteach in 2022. Feidhmíonn an phlandlann crann, do chrainn dhúchasacha na hÉireann amhail beith, caorthann agus fearnóg, mar phointe dáileacháin chun tuilleadh crann a chur timpeall Bhaile Átha Cliath 8 agus mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Feidhmíonn sé leis, mar sheomra ranga faoin aer do réimse imeachtaí, lena n-áirítear ceardlanna am lóin a reáchtáladh gach Céadaoin i mí an Mheithimh 2025. Rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar conas dramhaíl bia a thiontú ina múirín, chruthaigh siad mion-locháin, chaith siad am ag tarraingt na bplandaí mórthimpeall orthu agus d’fhoghlaim siad conas an chéad chéim a ghlacadh chun Foraois Phóca a fhás. Tugann Pocket Forests aire freisin do shoithí plandaí an Mhoil Dhigitigh feadh Lána an Róigh ag an Iosta Digiteach. Féachann siad ina ndiaidh agus tugann siad aire dóibh agus cuireann siad plandaí dúchasacha pailnithe.

### Fómhar Pobail Chrann Piorraí

Reachtáladh fómhar pobail bliantúil Chrann Piorraí le léachtóirí agus mic léinn de chuid NCAD FIELD ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha atá in aice láimhe, le grúpaí pobail áitiúla, gnólachtaí agus eagraíochtaí ar champas an Mhoil Dhigitigh i mí Mheán Fómhair. Mar is gnáth, ba dheis iontach í do mhuintir na Saoirsí teacht le chéile in éineacht leo siúd a dhéanann staidéar agus a oibríonn sa cheantar chun an crann piorraí neamhghnách a sheasann in aice le Túr Pádraig a cheiliúradh. D’fhreastail foireann teilifíse ó chlár Nationwide de chuid RTÉ ar an ócáid chomh maith agus chuir siad ionadaithe an Mhoil Dhigitigh, NCAD agus an phobail faoi agallamh le haghaidh craolta amach anseo.



# Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta

In 2025, shroich campas an Mhoil Dhigitigh áitíocht 92% ag deireadh na bliana. Bhí 58 bhalleagraíocht agus ballchuideachtaí ann san iomlán, a fhostaíonn níos mó ná 600 duine le chéile, ar fud réimse leathan foirgneamh.

Tháinig cúig bhall nua ar an gcampas, agus mhéadaigh trí bhall a bhí ann cheana a n-oifigí i rith na bliana 2025. Seo a leanas na baill nua:

- **Brokentalkers** – cuideachta amharclannaíochta a bhfuil an iliomad gradam bainte amach acu agus a bhfuil cáil bainte amach acu sa bhaile agus go hidirnáisiúnta mar cheann de na cuideachtaí amharclannaíochta is nuálaí, úrnua in Éirinn.
- **Codema** – Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, a oibríonn thar ceann chomhaltaí údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath chun leas an phobail a chur chun cinn i réimsí an fhuinnimh agus an mhaolaithe ar an athrú aeráide.
- **Cumann Ceamara Bhaile Átha Cliath** – an cumann ceamara is mó in Éirinn a thugann grianghrafadóirí de gach aois agus de gach cumas le chéile. Is eagraíocht neamhbhrabúis í, á reáchtáil ag a cuid ball dá cuid ball féin.
- **The Production Company** – comhlacht léiriúcháin físeán lánseirbhíse a dhíríonn ar scannáin iontacha faoi stíl mhaireachtála, bhranda, insinte agus faisnéise a chruthú.
- **Coláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath** – fochuideachta de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath - d’aistrigh an coláiste ó Warrenmount go dtí an Mol Digiteach, áit a leanfaidh sé de chúrsaí oideachais do dhaoine fásta agus don phobal a chur ar fáil do chónaitheoirí áitiúla.

Le chéile, tá spás oifige 47,352 troigh chearnach ar léas ag ballghnólachtaí ag an bpointe seo, as 51,354 troigh chearnach san iomlán atá ar fáil.

Ós rud é go bhfuil balleagraíochtaí ag feidhmiú ar thús cadhnaíochta na teicneolaíochta, na meán digiteach agus na dtionscal cruthaitheach in Éirinn, baineadh a lán éachtaí amach in 2025. I measc na mbuaicphointí bhí:

- **Eanáir:** Bhain Scribble & Stone an duais *An Táirge is Fearr – Seodra* amach ag Gradaim Showcase 2025 de chuid Showcase Ireland. Fuair an chuideachta seodra eiticiúil as Éirinn an gradam as sármhaitheas a gcuid táirgí.
- **Feabhra:** Bhuaigh léiriú de chuid Curious Dog Films, *Born That Way*, an duais as an *Clár Faisnéise Éireannach is Fearr* ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, áit ar raibh a chéad taibhiú domhanda freisin.
- **Márta:** Cuireadh maoiniú cothromais €10m i gcrích ag Neuromod chun dlús a chur le hinfhaighteacht a ghléis cóireála tinnitus, Lenire. Bhí an maoiniú ró-shuibscríofa agus ba iad na hinfheisteoirí a bhí ann cheana a bhí i gceannas air, ag tacú le misean Neuromod chun cúram tinnitus a chur chun cinn d’othair ar fud an domhain.
- **Bealtaine:** Bhain an tsraith de chuid Kavaleer Productions *Boy Girl Dog Cat Mouse Cheese* an gradam as an *tSraith Bheoite is Fearr do Pháistí (os cionn 6 bliana d’aois)* amach agus *Rogha na bPáistí don tSraith Bheoite is Fearr do Pháistí (os cionn 6 bliana d’aois)* ag Gradaim Bheochana na hÉireann. De bhreis air sin fuair siad seacht n-ainmniúchán do *Wonder Pets: In the City!*.
- **Meitheamh:** Bhuaigh Codema an gradam *An Áit Oibre is Fearr* ag na Workplace Excellence Awards, a dhéanann ceiliúradh ar ghairmithe agus ar ghnólachtaí a dhéanann iarracht a n-ionad oibre a fheabhsú i gcónaí.





# Spriocdhírithe

- **Meán Fómhair:** D'oibrigh Odin leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar thionscnaimh a neartaíonn muinín na dtomhaltóirí agus a dhéanann seirbhísí digiteacha in Éirinn a nuachóiriú. Ceann de na tionscadail sin is ea an Clárlann Aitheantais Seoltóra SMS, a chosnaíonn tomhaltóirí ó chalaoisí téacs. Rinne Odin athdhearadh ar thairseach ríomhcheadúnaithe ComReg freisin, rud a fhágann go bhfuil ceadúnú speictrim níos tapúla, go bhfuil rochtain níos fearr air agus go bhfuil sé níos éasca le húsáid.
- **Deireadh Fómhair:** Ainmníodh braiteoir Intleachta Saorga Akara ar liosta *The Best Inventions of 2025* de chuid irisleabhar Time. Déanann an liosta rangú ar thrí chéad aireagán a dhéanann an domhan níos fearr, níos cliste agus níos spraíúla. Tá córas Akara suiteáilte go díreach i seomraí oibríochta agus úsáideann sé brath teirmeach faoi thiomáint ag intleacht shaorga chun máinliachtaí a rianú, foláirimh fíor-ama a sheoladh chuig an bhfoireann agus sonraí beachta sceidealaithe a ghiniúint chun am a cailleadh a fháil ar ais.
- **Deireadh Fómhair:** leathnaigh patientMpower a chúram chun uirlis faoi thiomáint ag hintleacht shaorga a fhorbairt chun galar scamhóg a thuar agus iad ag ceiliúradh deich mbliana i mbun gnó. Thóg an fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le RCSI Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Fiontraíocht Éireann, ar obair reatha patientMpower mar cheannaire ar nuálaíocht i gcianmhonatóireacht leighis i margaí idirnáisiúnta.
- **Mí na Nollag:** Bhain MEG an 21ú háit amach i nGradaim *Deloitte Technology Fast 50*. Ardú trí áit ón mbliain seo caite atá ann. Tugann Deloitte Fast 50 atá ar an bhfód le 26 bliana anuas ag an bpointe seo, aitheantas do na cuideachtaí teicneolaíochta is tapúla fás in Éirinn, bunaithe ar fhás ioncaim thar cheithre bliana agus é ag ceiliúradh nuálaíochta agus fiontraíochta ar fud earnáil na teicneolaíochta in Éirinn.

## Deiseanna foghlama

Leanann cuideachtaí ag an Mol Digiteach de bheith ag baint leasa as timpeallacht thacúil lena n-áirítear deiseanna foghlaim ó shaineolaithe agus óna chéile ag réimse imeachtaí a chuirtear ar siúl ag an DHDA ar an gcampas agus ag daoine eile sna líonraí níos leithne.

I measc na mbuaicphointí in 2025 bhí:

- Reachtáil Dublin DataViz a gcéad chruinniú riamh i Stiúideo iD8 de chuid an Mhoil Dhigitigh. Ag an gcruinniú *Urban Cycling's Hidden Data*, roinn Brian Rogers, Eolaí Taighde ag Saotharlann Spatial Dynamics de chuid Choláiste Ollscoile Bh.Á.C., a chuid oibre ar shluafhoinsiú agus ar fhoilsiú scéalta phobal rothaíochta na hÉireann. D'fhill Dublin DataViz ar an Mol Digiteach le haghaidh trí chruinniú eile in 2025, ceann acu sin dírithe ar léirshamhlú sonraí agus idirghníomhú do chathracha agus don timpeallacht thógtha.
- Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh, reáchtáil an Mol Digiteach maidin chaife do bhaill chun bualadh le trí chainteoir spreagúla atá lonnaithe ag an Mol Digiteach agus chun éisteacht leo. Labhair Mary Fleming (Bunaitheoir agus POF Change Clothes), Caroline Swords (Iar-Stiúrthóir Oibríochtaí ag MyVolts) agus Emma Fitzpatrick (Bunaitheoir agus MD 11 PR and Events), uile faoin athléimneacht, faoina n-aistear gairme go dtí seo agus roinn siad pointí eolais agus comhairle.
- Bhí *Founders' Exchange*, fóram do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime, á óstáil ag an Mol Digiteach thar ceann Fiontraíocht Éireann agus Silicon Republic, áit a raibh an lucht freastail ag éisteacht le comhbhunaitheoirí, infheisteoirí agus comhairleoirí i suíomh suaimhneach idirghníomhach. Bhí Founders' Exchange eile ar siúl ag an Mol Digiteach i mí na Nollag.
- Reachtáil an Oifig Fiontair Áitiúil *Grodchúrsa chun Do Ghnó Féin a Thosú*.
- Reachtáil Teicneolaí Cónaithe an Mhoil Dhigitigh, an Dr Dunja Skoko, Siompóisiam Hibrideach agus Ceardlann Phraiticiúil – *Cloak Your Art, Confuse the Algorithm* – maidir le healaín a chosaint ar chóipeáil ag intleacht shaorga. Thug an cheardlann ealaíontóirí, gníomhaithe, agus ríomheolaithe ceannródaíocha le chéile chun feasacht a mhúscailt agus uirlisí a roinnt chun úrnuacht ealaíonta a chosaint.
- Reachtáil an Dublin Inquirer seimineár, *Taobh thiar de na ceannlínte: Comhrá le Aaron Rodericks ó Bluesky* ag an Mol Digiteach.
- Reachtáil an Dr. Dunja Skoko, Teicneolaí Cónaithe an Mhoil Dhigitigh, ceardlann – *How the U.S. Patent System Can Help Protect Your IP* – do bhunaitheoirí as an Aontas agus gach cearn den domhan do sheachchuideachtaí, do nuálaithe ollscoile, agus d'fhoirne luathchéime a bhfuil suim acu a gcuid maoine intleachtúla a chosaint agus ullmhú le haghaidh infheistíochta.
- Reachtáil PyLadies Bhaile Átha Cliath roinnt cruinnithe agus imeachtaí ag an Mol Digiteach, lena n-áirítear ceardlanna, *Eolas tosaigh ar shaol na Cibearshlándála*, le dub|sec agus *Conas Ról a Fháil sa Teicneolaíocht* i gcomhar le Rewriting the Code.
- Tugann Bloop Group, a bhunaigh Caroline Swords agus Gary Byrne i mí na Samhna 2024, *daoine ar breá leo ceol leictreonach* de gach aois agus de gach leibhéal scile le chéile chun tráthnóna spraíúil a chaitheamh ag nascadh, ag foghlaim agus i mbun cruthaitheachta gan bhrú. I rith na bliana 2025, bhí ocht gcruinniú eile ag an Bloop Group sa Mhol Digiteach, agus dhá cheann ag láithreacha eile i mBaile Átha Cliath. Agus é ag tosú amach ní raibh ach 20 duine i láthair ach glacann 50 duine páirt ann go rialta na laethanta seo agus tá breis agus 420 duine tar éis páirt a ghlacadh ann ag pointe éigin, agus rinneadh thart ar 100 léiriú aonair agus grúpa ar fud na sraithe imeachtaí.






- Leanann Ionad Géarchéime na hÚcráine in Éirinn de ranganna a thairiscint do dhídeanaithe ar champas an Mhoil Dhigitigh. In 2025, cuireadh 26,000 uair an chloig rannpháirtíochta isteach ar fud gníomhaíochtaí lena n-áirítear ranganna Béarla, Meabhairshláinte, Feidhmchláir Microsoft agus Margaíocht Dhigiteach chomh maith le Cór. Tá fáilte mhór curtha ag na dídeanaithe seo roimh an leanúnachas atá curtha ar fáil ag an Mol Digiteach do mhuintir na hÚcráine ó 2022 i leith, agus tá cobhsaíocht a bhí ag teastáil go mór curtha ar fáil aige do go leor díobh le linn dóibh a bheith in Éirinn.



## Spásanna ilchuspóra


In 2025, d'óstáil sraith spásanna ilfheidhmeacha an Mhoil Dhigitigh – An Banc, Bá 1, Stiúideo iD8 agus Stiúideo 2 – na mílte cuairteoir ag réimse leathan imeachtaí, lenar áiríodh cruinnithe agus cúrsaí oiliúna chomh maith le cleachtaí amharclainne, taispeántais ealaíne agus go leor eile.

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sna spásanna seo, fuarthas €111,644 d'ioncam breise ó 949 áirithint, rud a chruthaigh breis agus 19,000 cuairt ó dhaoine ar an gcampas i rith na bliana.



Tá an Mol Digiteach ar an bpríomhsholáthraí spásanna cleachtaidh i mBaile Átha Cliath ag an bpointe seo, do chomhlachtaí amharclannaíochta cáiliúla ar nós Amharclann Gaiety, Amharclann na Mainistreach, Amharclann Druid agus Rough Magic, agus do bhaill den Mhol Digiteach, Verdant Productions, Dead Centre agus Brokentalkers chomh maith. I measc na n-eagraíochtaí a reáchtáil cruinnithe sa Mhol Digiteach, go háirithe ag an Stiúideo iD8, tá an Chomhairle Ealaíon, Boardmatch, AIB agus clár Nuálaíochta FSS, Spark.

**An cineál laethanta a cuireadh in áirithe de réir ráithe in 2025**



# Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail

Nascann an Mol Digiteach daoine agus eagraíochtaí a bhfuil smaointe acu chun nuálaíochtaí digiteacha a chruthú a réitíonn dúshláin an fhíorshaoil agus a fheabhsaíonn saol na ndaoine.

Baineann an obair seo le heagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil na scileanna agus an saineolas acu a thabhairt le chéile chun cláir inscálaithe a sheachadadh ar féidir leo tionchar dearfach a imirt i réimsí amhail Intleacht Shaorga, domhaintheicneolaíocht, foghlaim dhigiteach, ealaíona digiteacha, sláinte agus folláine, agus forbairt pobail. Áirítear leis na cláir sin iad siúd a fhorbraíonn scileanna an 21ú haois i ndaoine idir óg agus aosta, agus a léiríonn acmhainneacht na teicneolaíochta digití sláinte agus folláine na saoránach agus inbhuanaitheacht thimpeallacht Bhaile Átha Cliath 8 a chur chun cinn.

## An D8 Surfers Club

Rinne an D8 Surfers Club ceiliúradh ar deich mbliana ar an bhfód. Clár litearthachta digití saor in aisce atá ann a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí breacaosta i bpobal Bhaile Átha Cliath 8. Sheol an Mol Digiteach an clár ar dtús in 2015, agus leantar den chúrsa a chur ar fáil gach Máirt, rud a thugann deis do chónaitheoirí foghlaim conas ríomhairí glúine agus fóin phóca a úsáid chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis dhigiteach áisiúil. Clúdaíonn na ranganna faoi stiúir teagascóra ábhair ar nós sábháilteacht ar líne, ríomhphost, brabhsáil ar an idirlíon, doiciméid a chruthú agus a shábháil, agus billí a íoc ar líne. Tá aoiseanna na rannpháirtithe idir 72 agus 94 bliana d'aois, agus is é 78 mbliana an aois mheánach. I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna reáchtáladh ceardlanna speisialaithe chun eolas tosaigh ar an intleacht shaorga agus an réaltacht fhíorúil a thabhairt dóibh.




## Clár Podchraolta Staire do Leanaí

I ndiaidh clár píolótach a reáchtáil go rathúil in 2024, chuaigh an Mol Digiteach i gcomhpháirtíocht arís le Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le Clár Podchraolta Staire do Leanaí. Thug an clár deis do leanaí i mbunscoileanna áitiúla stair taighde a dhéanamh ar a gceantair áitiúla agus a bpodchraoladh staire féin a chruthú. Reachtáladh na ranganna ag an Mol Digiteach agus ba iad Aidan Fitzmaurice, an scríbhneoir dráma grinn agus scríbhneoir scéalta leanaí agus Dervilia Roche, Staraí Cónaithe Chathair Bhaile Átha Cliath do Leanaí, a d'éascaigh iad.

## Robohub Kids

D'fhill RoboHub Kids, i ndiaidh clár píolótach rathúil a reáchtáil in 2024. Forbraíodh an clár foghlama praiticiúil róbataice agus STEM i gcomhpháirtíocht le Akara Robotics. Cuireadh an clár ar fáil sa Stiúideo Foghlama agus chuir sé daltaí bunscoile áitiúla in aithne don róbataic, don réiteach fadhbanna agus don obair foirne trí fhoghlaim phraiticiúil atá bunaithe ar thionscadail.



### Roblox Rising Producers

Seoladh an clár seo do dhaltaí bunscoile áitiúla den chéad uair in 2024 agus lean sé ar aghaidh in 2025. Sa chlár seo faigheann leanaí ó bhunscoileanna i mBaile Átha Cliath 8 idir 9 agus 12 bhliain d'aois réamheolas ar dhearadh cluichí agus ar chruthaitheacht dhigiteach ar shlí fhuinniúil. Is príomhghné den chlár an bhéim láidir a chuirtear ar shábháilteacht ar líne, agus foghlaim phraiticiúil i dtaca le hathléimneacht dhigiteach á cur san áireamh i ngach seisiún. Pléitear ábhair amhail cumarsáid mheasúil, sonraí pearsanta a chosaint, agus tuiscint ar mhodhnóireacht cluichí trí thráthanna na gceist, léirithe, agus plé oscailte.

### MINDSHLD AI: Acadamh na Seaimpíní Digiteacha

Reachtáladh an clár nua seo den chéad uair i mBealtaine 2025 ar bhonn píolótach. Tá sé mar aidhm aige cabhrú le daltaí bunscoile tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann le hintleacht shaorga, scileanna smaointeoireachta criticiúla a thabhairt dóibh agus athléimneacht dhigiteach a chothú i ndomhan atá faoi thionchar na hintleachta saorga. Is uirlis oideachais í MindShld AI atá bunaithe ar an néareolaíocht agus atá deartha chun a chur ar chumas na ndaltaí tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir teicneolaíocht, AI san áireamh, a úsáid chun faisnéis a chruthú agus a láimhsiú ar líne.

# Pobal






## Tionscadal Ceoil Liber8

Tá an tréimhse is déanaí dá gcuid curtha i gcrích ag an Tionscadal Ceoil Liber8 atá á reáchtáil ag an Mol Digiteach agus BIMM Music Institute Dublin. Thum ochtar mhac léinn is fiche, cuid acu as Baile Átha Cliath 8 san áireamh, go hiomlán isteach sa chlár cruthaitheach iarscoile trí mhí seo. D'fhoghlaim siad faoi stíleanna ceoil, teicnící taibhithe, taifeadadh agus dearadh fuaime, agus léirigh na mic léinn na scileanna a bhí foghlamtha acu dá dteaghlaigh agus dá gcairde ag léiriú beo agus ag searmanas bronnta céime i mí na Nollag.

## Dúshlán Technovation Teen-Turn

Lean an Mol Digiteach de bheith ag óstáil an chláir seo ó Teen-Turn, a thugann dúshlán do chailíní idir 13 agus 19 mbliana d'aois fiontar sóisialta a chruthú a chuireann athruithe dearfacha chun cinn ina bpobail trí aip shoghluaiste a sheachadadh. Ba é #PowerToTheGirl téama an dúshláin 2025 agus thacaigh Teen-Turn le 22 seisiún gach seachtain, in ocht scoil déag agus ar líne, rud a chuir ceithre chéad uair an chloig de thógáil scileanna ar fáil ar fud na tíre san iomlán.

## Smart D8

Lorg an cúigiú glao oscailte ó Smart D8 le haghaidh tionscadal píolótach tionscadail nuálacha ar fud trí phríomhthéama – *Othar Nasctha sa Phobal, Aosú Dearfach, Sláintiúil* agus *Pobal*. Ba iad seo a leanas na tionscadail phíolótacha ar cuireadh tús lena gcur i bhfeidhm ar fud Bhaile Átha Cliath 8:

- **Brath ailse ag céim luath ag Ollscoil RCSI an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte:** Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo, atá á reáchtáil ag an ngrúpa taighde PRiCAN, tacú le diagnóisí ailse a luathú trí uirlis scríobhaí dhigiteach faoi thiomáint ag Intleacht Shaorga a chuidíonn le comhairliúcháin dhiagnóiseacha i gcleachtais dochtúirí teaghlaigh Centric Health i mBaile Átha Cliath 8. Tacaíonn an uirlis le dochtúirí teaghlaigh tríd an t-ualach riaracháin a laghdú agus trí monatóireacht a dhéanamh ar chomhráite le hothair chun patrúin chaolchúiseacha airíonna a d'fhéadfadh a bheith nasctha le hailsí a aithint, d'fhonn imscrúdú agus diagnóis níos luaithe a spreagadh.
- **Comharchumann Peile le Comharchumann Peile CLG:** Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo, faoi stiúir Steven O'Connell, fir a spreagadh chun iompraíochtaí sláinte dearfacha a chleachtadh trí chluichí sacair neamhfhoirmiúla gach seachtain, ag spreagadh comhráite faoi shláinte choirp, mheabhrach agus shóisialta na bhfear i gcoitinne. Le tacaíocht ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, tá toradh sóisialta €17.60 léirithe ag an gclár cheana féin ar gach €1 a infheistíodh, agus tá sé mar aidhm aige creat torthaí láidir a chomh-fhorbairt chun scálú náisiúnta a chumasú trí chomhpháirtithe, lena n-áirítear FAI agus Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla.





- **Smart Heart - Croí Cliste:** Cúram Teip Croí sa Phobal ag patientMpower i gcomhpháirtíocht le hAonad Tacaíochta Croí Ospidéal San Séamas: Baineann an tionscadal seo atá faoi stiúir Eamonn Costello agus Eimear Kelly, le cianmhonatóireacht a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil teip chroí orthu, riocht a bhuaileann 2% de dhaonra na hÉireann. Faigheann othair gléasanna nasctha a tharchuireann sonraí brú fola agus meáchain chuig cliniceoirí i bhfíor-am, rud as a leanann gur féidir triail a bhaint as samhail inscálaithe de chúram ainsealach pobalbhunaithe.

Idir an dá linn, bhí MoveAhead, tionscadal píolótach de chuid Smart D8 ón bhliain 2023, sa bhabhta ceannais i ndá chatagóir ag Gradaim Ríomh-Rialtais na hÉireann 2025 – *Rannpháirtíocht na Saoránach agus Cuimsiú Digiteach*. D'óstáil an Mol Digiteach agus Smart D8 foirne nuálaíochta ó VHI agus BiX chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí nuálaíochtaí amach anseo a chomh-dhearadh agus a bhailíochtú don mhargadh sa saol mór.

D'óstáil Smart D8 a thríú himeacht taispeántais bhliantúil ag an Mol Digiteach freisin. Thug an taispeántas nuálaithe, taighdeoirí, comhpháirtithe pobail agus fiontraithe le chéile chun cúrsaí sláinte agus folláine an phobail amach anseo a fhiosrú. Taispeánadh tionscadail agus tionscnaimh phíolótacha, cheannródaíocha a thugann aghaidh ar dhúshláin shláinte an fhíorshaoil i gcroílár chathair Bhaile Átha Cliath.

## Teicneolaí Cónaithe an Mhoil Dhigitigh

Bhí an Dr Dunja Skoko, Ph.D., eolaí STEM a bhfuil PhD aici sa Bhithfhisic, ina Teicneolaí Cónaithe ag an Mol Digiteach don bhliain 2025. Dhírigh a tréimhse chónaithe ar chur i bhfeidhm na hintleachta saorga sa bhfíorshaol, go háirithe i gcúrsaí fiontraíochta, oideachais, taighde agus ealaíne, áit a bhfuil ról níos suntasaí á fháil aici de réir a chéile.

Mar chuid den chónaitheacht, bhí an Mol Digiteach ina chomhóstach ar shiompóisiam agus ar cheardlann hibrideach dar teideal 'Cloak Your Art, Confuse the Algorithm' i mí an Mhárta i gcomhar leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Agus é faoi stiúir Elaine Hoey ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus an Dr Dunja Skoko, thug an t-imeacht ealaíontóirí, gníomhaithe agus ríomheolaithe mór le rá le chéile chun feasacht a mhúscailt agus straitéisí a roinnt maidir le healaín agus úrnuacht chruthaitheach a chosaint ar chóipeáil nó ar úsáid chun intleacht shaorga a thraenáil.

I mí na Bealtaine, d'óstáil an Dr. Skoko seimineár ar líne – Early EU Founders: How the U.S. Patent System Can Help Protect Your IP – a thug le chéile bunaitheoirí luathchéime, seach-chuideachtaí de chuid ollscoileanna agus nuálaithe chun cur chuige praiticiúil maidir le cosaint maoine intleachtúla agus ullmhacht infheistíochta a iniúchadh, mar aon le léargais shaineolacha ar na buntáistí a bhaineann le córas paitinne na Stát Aontaithe.

# Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta Agus Cruthaitheach

## Féile Beta 2025

Cuireadh Féile Beta, féile ealaíne agus teicneolaíochta na hÉireann, ar siúl arís i mí na Samhna - an dara heagrán di, ag an Mol Digiteach agus in áiteanna eile i mBaile Átha Cliath.

In 2025 rinne téama na Féile a comhbhunaíodh ag an Mol Digiteach agus atá a tacú aige, iniúchadh ar choincheapa an uisce agus na sreabhántachta. I gclár inar reáchtáladh taispeántas, ceardlanna agus cainteanna le haoichainteoirí idirnáisiúnta cuireadh smaointe ceannródaíocha i láthair an phobail agus samhlaíodh féidearthachtaí nua. I measc na mbuaicphointí bhí:

- **Undercurrent: As Below, So Above –** Taispeántas a bhí ar siúl i gCalafort Bhaile Átha Cliath, inar taispeánadh saothair ealaíne idirghníomhacha leis an ealaíontóir Kat Austen, a thugann aghaidh ar an bhfadhb ríthábhachtach a bhaineann le truailliú micreaplaisteach sna haigéin. Eispéireas tumthacn arna chruthú ag Lauren Moffat, a thug cuairteoirí ar thuras go grinneall na farraige, agus saothair ilmheán le Siobhan McDonald a scrúdaíonn Calafort Bhaile Átha Cliath mar lárionad malairte.
- **Foolish Flame: Suiteáil thumthach –** Arna chruthú ag na healaíontóirí Peter Power agus Leon Butler. Thug sí aghaidh ar théamaí an athraithe aeráide agus an thráma cultúrtha. Fuair an saothar seo ina nasctar sean agus nua, inspioráid ó chartlanna traidisiúnta rince sean-nós. Rinne an cóiréagrafaí Robyn Byrne athléiriú uirthi agus casadh ceol le Peter Power, á sheinm ag an bpíobaire uilleann, Muireann Ní Shé.
- **Eispéireas Réaltachta Fíorúla Notre-Dame –** Cruthaíodh an tsuiteáil seo trí 5,000 uair an chloig d'obair ghrafach faoi threoir staraí a chur isteach, rud a chuir ar chumas rannpháirtithe an ardeaglais a iniúchadh ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe, lena n-áirítear codanna den ardeaglais nach bhfuil teacht ag an bpobal orthu.
- **Líonra na nEalaíontóirí Áitiúla –** Snáithe den chlár atá tiomnaithe do shaothar nua le cuid de na healaíontóirí is spreagúla in Éirinn atá ag obair le teicneolaíocht nua, amhail Caroline Mac Cathmhaoil, István László agus Aoife Dunne.
- **Comhdháil bhliantúil Fhéile Beta –** I measc buaicphointí na comhdhála bhí príomhóráid an Dr Oonagh Murphy dar teideal *Responsible AI in the Cultural Sector (Intleacht Shaorga Fhreagrach san Earnáil Chultúrtha),* a dhírigh ar chleachtais eiticiúla, úsáid fhreagrach na teicneolaíochta agus cláir phoiblí a thugann tús áite do dhaoine agus don chomhshaol, agus léacht gníomhúil le Jose Luis de Vicente a rinne iniúchadh ar chainéal SOFAR, limistéar uisce go domhain faoin aigéan áit ar féidir le tonnta fuaime taisteal na mílte ciliméadar gan a neart a chailliúint.







## Gradam an Mhoil Dhigitigh in OT Bhaile Átha Cliath

Is é seo an t-ochtú bliain ina mbronntar Gradam an Mhoil Dhigitigh, gradam lena dtugtar aitheantas do thionscadal bliana deiridh sármhaith amháin le mic léinn na Meán Digiteach Cruthaitheach in OT Bhaile Átha Cliath, Baile Bhlainséir. Bhronn an Mol Digiteach Duais na bliana 2025 ar Ciara Fox as a tionscadal bliana deiridh sa Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha *The Homeplace*. Suiteáil thumthach ab ea í a rinne iniúchadh ar an saol feirmeoireachta in Éirinn ó na 1920idí go dtí na 1960idí.




## Foolish Flame ag an bhFéile Ars Electronica 2025

Is é Ars Electronica an fhéile idirnáisiúnta is mó le rá don ealaín, don teicneolaíocht agus don tsochaí, agus chuir beirt ealaíontóirí Éireannacha saothar nua uaillmhianach, is é sin, Foolish Flame, i láthair d'eagrán Mheán Fómhair 2025 na féile i Linz na hOstaire. Is suiteáil cheannródaíoch XR é Foolish Flame a nascann traidisiún, teicneolaíocht, agus scéalaíocht aeráide, rud a fuair tacaíocht ó Fhéile Beta, Culture Ireland, an Mol Digiteach agus Project Arts Centre. Cuireadh saothar na n-ealaíontóirí Éireannacha Peter Power agus Leon Butler i láthair níos déanaí ag Féile Beta i mí na Samhna, i gcomhpháirtíocht le Project Arts Centre agus an Mol Digiteach.




## Ag Tacú le Féilte Áitiúla

### Féile na Saoirsí

Bhí campas an Mhoil Dhigitigh mar óstach ar roinnt imeachtaí mar chuid d'Fhéile na Saoirsí. Bhí taispeántas an ealaíontóra, *Pat Curran's Untold Lives – People and Places of Dublin,* ar siúl ag an Banc ag an Mol Digiteach. I measc na n-imeachtaí féile eile ar champas an Mhoil Dhigitigh bhí ceardlanna le Change Clothes, Draw Dates le Flux Studios, ranganna beachaireachta le Bee8 agus margadh na míolta míosúil We Love Markets.

### Culture Date with Dublin 8

Bhí roinnt imeachtaí ar siúl ag an Mol Digiteach mar chuid den bhféile bhliantúil Culture Date with Dublin 8, an taispeántas grianghrafadóireachta *Celebrating William 'Billy' Mooney* san áireamh, inar cuireadh rogha de shaothar Billy i láthair a dhéanann ceiliúradh ar dhaoine, ar áiteanna agus ar bhuaicphointí a ghairmréime. I measc na n-imeachtaí féile eile bhí margadh na míolta míosúil, Siopa Malartaithe le caoinchead Change Clothes agus ranganna beachaireachta le Bee8.



# Ag Díriú ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

Aithníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) gur féidir leis an DHDA, mar ghníomhaireacht stáit a bhfuil maoirseacht aici ar champas comhoibríoch do chuideachtaí, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair, agus i bhfianaise a cuid oibre maidir le hathnuachan uirbeach a éascú i gceantar na Saoirsí, ról lárnach a imirt i gcur chun cinn na héagsúlachta, an chomhionannais agus an ionchuimsithe.

Geallann an DHDA na bearta atá leagtha amach ina phlean Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe (DEI) a chur i gcrích, agus déanann sí a dícheall a chinntiú go rachaimid i ngleic go gníomhach le réamhchlaonadh agus le hidirdhealú, agus go mbeidh oiliúint agus forbairt feasachta mar chuid lárnach dár gcuid oibre.

Leanann an DHDA de bheith ag tuairisciú do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le comhlíonadh na gceanglas foilsitheoireachta faoi Alt 42 d'Acht Choimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

## Áirítear an méid seo a leanas ar an obair atá déanta ag an DHDA sa réimse seo in 2025:

D'fhoilsigh an DHDA a Plean Straitéiseach (2026-2028) i mí Eanáir. Mar chuid d'fhorbairt ár bplean straitéisigh, rinne foireann an DHDA (le tacaíocht ó shaineolaí ar bheartas agus ar straitéis chomhionannais) measúnú struchtúrtha ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann lena gcuid feidhmeanna. Sa phlean straitéiseach leagtar amach tiomantas an DHDA cearta an duine agus lionsa an chomhionannais a fhí isteach ina cuid cinnteoireachta, lena n-áirítear maidir le bainistiú agus aistriú a sócmhainní agus a feidhmeanna amach anseo, agus déanfaidh sí athbhreithniú agus nuashonrú ar a measúnú agus ar a gníomhaíochtaí go tréimhsiúil chun forbairtí eagraíochtúla agus beartais a léiriú.

Ó 2019 i leith, tá deiseanna curtha ar fáil ag clár an Teicneolaí Chónaithe do theicneolaithe cumasacha chun nascadh le héiceachóras an Mhoil Dhigitigh, a shaineolas a roinnt agus chomhoibrithe a chothú. Sa bhliain 2025, d'eisigh an Mol Digiteach glao oscailte do Theicneolaí Cónaithe baineann, agus ceapadh an Dr. Dunja Skoko, eolaí STEM a bhfuil PhD aici sa Bhithfhisic. Dhírigh tréimhse chónaithe an Dr. Skoko ar chur i bhfeidhm na hintleachta saorga sa bhfíorshaol.

Bhí mac léinn áitiúil a ghlac páirt i gceann de thionscnaimh Teen-Turn ag zn Mol Digiteach le feiceáil sna nuachtáin áitiúla The Dublin Gazette agus ar a shuíomh gréasáin, chomh maith leis an Southside People, maidir lena tionscadal ar fhorbairt aip faoi éagóir inscne.

Thug Oifigeach DEI an DHDA, a bhfuil freagracht air/uirthi as cur i bhfeidhm ár ndualgas san earnáil phoiblí a chomhordú agus DEI a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, lena n-áirítear Oiliúint ar Chóiríocht Réasúnach agus Oiliúint d'Oifigigh Rochtana.

Roimh theacht i bhfeidhm an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht i mí an Mheithimh, rinne an Mol Digiteach iniúchadh inrochtaineachta ar a shuíomh gréasáin agus ghlac sé bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna amhail codarsnacht a fheabhsú, téacs malartach a chur leis, agus nascleanúint a fheabhsú. Cinnteoidh an feabhsú seo agus feabhsuithe leanúnacha ar an suíomh gréasáin go mbeidh rochtain ar shuíomh gréasáin corparáideach an DHDA ag gach duine.







D’óstáil an DHDA imeachtaí agus tionscnaimh éagsúla a thagann lena cuid oibre maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, agus thacaigh sí leo. Ar shamplaí áirítear:

- Reachtáladh maidin chaife chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh ag Stiúideo iD8 i mí an Mhárta. Tugadh cuireadh do thriúr ban atá lonnaithe ar champas an Mhoil Dhigitigh labhairt faoina ngairmeacha beatha agus a gcuid smaointe a roinnt maidir le conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do mhná chun constaicí agus laofachtaí ina saol a shárú.
- Ba é an Mol Digiteach urraitheoir ionaid an dá imeacht a chuir PyLadies Dublin ar siúl i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair. Is cuid den ghrúpa meantóireachta idirnáisiúnta iad PyLadies Dublin a chabhraíonn le níos mó ban a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha agus ina gceannairí i bpobal foinse oscailte Python.
- Chuir Minaw Collective imeacht ar siúl ag an Mol Digiteach mar chuid d’Fhéile Imill Bhaile Átha Cliath. Grúpa is ea é a bunaíodh in 2013 mar chomharghnó ealaíne sráide ban agus a d’fhás ó shin ina chomharghnó éagsúil d’ealaíontóirí mná, aiteacha agus neamh-dhénártha, áit ar phéinteáil na healaíontóirí sráide is fearr in Éirinn múrphictiúir beo i seisiún comhchoiteann.

# Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge

Leanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) de bheith ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna Teangacha Oifigiúla.

In 2025, ghlacamar bearta éagsúla chun cloí leis na hAchtanna Teangacha Oifigiúla, lena n-áirítear:

- Próiseas chun gach comharthaíocht ar an gcampas a thabhairt cothrom le dáta chun Gaeilge a chur san áireamh mar chuid de thionscadal níos leithne chun comharthaíocht agus treorú bealaigh a fheabhsú ar fud champas an Mhoil Dhigitigh.
- Inniúlacht sa Ghaeilge a chur san áireamh mar chritéar inmhianaithe i ngach folúntas poist.
- Folúntais poist a fhoilsiú i nGaeilge agus iad a fhógairt trí mheáin Ghaeilge agus meáin shóisialta/ardáin Ghaeilge ar líne.
- Freagairt i nGaeilge d'aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar stáiseanóireacht oifigiúil lena chinntiú go bhfuil an Ghaeilge á húsáid go cuí inti.
- Doiciméid oifigiúla thábhachtacha a fhoilsiú sa Ghaeilge, amhail tuarascáil bhliantúil an DHDA agus an Plean Straitéiseach (2026-2028).
- An fhoireann a spreagadh chun leas a bhaint as na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge d'fhonn soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a éascú.
- Oibleagáidí tuairiscithe maidir le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh.

Éilíonn forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 go mbeadh 20% d'fhógraíocht a dhéanann comhlachtaí poiblí i nGaeilge, agus go gcaithfí 5% dá mbuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge. Chaith an DHDA €1519.96 san iomlán ar fhógraíocht in 2025, agus caitheadh €850 den tsuim sin sna meáin Ghaeilge.

Caitheadh €2437 san iomlán (gan CBL san áireamh) ar sheirbhísí aistriúcháin in 2025. Áiríodh leis na seirbhísí seo aistriúchán ar thuarascáil bhliantúil an DHDA, ar an bPlean Straitéiseach (2026-2028) agus ar dhoiciméadú a úsáideadh i bhfeachtais earcaíochta éagsúla.

# Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag an Mol Digiteach in 2025

1. 11 PR and Events
2. Aerial
3. Áine O'Sullivan Casting agus Audience Design with Síle Culley
4. Akara Robotics
5. All Ireland Insurance
6. Allgo
7. Amplify Agency
8. Ealaíona & Míchumas Éireann
9. Institiúid BIMM, Baile Átha Cliath
10. Foireann Margaíochta Bitcoin
11. Bizimply
12. Bricolage
13. Brokentalkers
14. Change Clothes
15. Coláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath
16. Codema
17. Container Coffee
18. Context Studio
19. Curious Dog Films
20. Curtins
21. Dead Centre
22. Cumann Ceamara Bhaile Átha Cliath
23. Dublin Inquirer
24. Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath
25. Eclipse Pictures
26. EnergyCAP
27. Feline Films
28. Field:arts
29. Flexi-Hub
30. Flux
31. Golden Ratio Productions
32. Good Travel Software
33. H2 Learning
34. iNavtas
35. Incognito Software Systems
36. JUVO
37. Kavaleer
38. Comhpháirtíocht na Life
39. Lonely Planet
40. MEG
41. MyVolts
42. An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
43. Neuromod Devices
44. Odin Consultants
45. Pallas Projects/Studios
46. patientMpower
47. Payoma
48. Pocket Forests - Foraoisí Póca
49. Teangacha Iarbhunscoile Éireann
50. Quantum Information Systems
51. Rolling News
52. Bord Ospidéal San Séamas
53. Scribble & Stone
54. Sweeney's Garage
55. Tionscadal Pobail na Saoirsí
56. The Production Club
57. The Radharc Trust
58. The Stinging Fly
59. Total Digital
60. Tyro Technologies
61. UX Design Institute
62. Verdant Productions
63. VM Digital
64. Xwerx

# An Bord

Tá Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) freagrach as straitéis agus beartais leathana an DHDA a leagan síos agus tá freagracht mhaoirseachta orthu as gníomhaíochtaí an DHDA.

Ceapann an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt na comhaltaí Boird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le téarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana a dhéantar ceapacháin ar an mBord, agus tá baill incháilithe le haghaidh ath-cheapacháin.

Laistigh dá ghníomhaíochtaí féin agus trí úsáid a bhaint as coistí a bhfuil téarmaí tagartha ceadaithe acu, feidhmíonn an Bord i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoill Dhigitigh 2003, agus laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tionólann an Bord an oiread cruinnithe gach bliain agus is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus ní lú ná cruinniú amháin in aghaidh na ráithe.

Nuair a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, cuireann an Cathaoirleach in iúl don Aire cothromaíocht inscne an Bhoird reatha agus deimhníonn sé go gcuirfeadh an Bord fáilte roimh éagsúlacht leanúnach agus éagsúlacht bhreise ina chomhaltas. Laghdaigh leasú a rinneadh le déanaí ar an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach líon na gcomhaltaí boird go hocht stiúrthóir. Ciallaíonn sé seo nach féidir athchothromú ar chothromaíocht inscne a bhaint amach ach de réir mar a thagann folúntais chun cinn i measc na gcomhaltaí reatha.

## Comhaltaí an Bhoird 2025



**Darina Kneafsey,**
Stiúrthóir Neamhfheidh-miúcháin (Ceapadh ina Cathaoirleach i mí Lúnasa 2025).



**Fiach Mac Conghail,**
Comhalta Boird agus POF.



**Austin Campbell,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin.



**Stephen Casey,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin.



**Paul Holden,**
Cathaoirleach (Chuaigh ar scor i mí Iúil 2025).



**Brian Keogh,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin.



**Darach O'Connor**
(Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin. Ceapadh i mí Lúnasa 2025 ar ainmniú ó Richard Shakespeare).



**Richard Shakespeare,**
Comhalta Boird (Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. D'éirigh as i mí Iúil 2025).

# RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2025


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 28 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 33 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 35 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil | 38 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 39 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas Sreafaí Airgid | 41 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 42 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh Bord Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, agus déanann sé an cúram seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach (CEO) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh laethúil na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an DHDA a dhíscaoileadh agus go n-aistreofaí a chuid tailte agus sócmhainní réadmhaoine go léir chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Tá reachtaíocht ag teastáil chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don bhfoireann bainistíochta shinsearach cloí leis an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Ghniomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 agus i Lámhleabhar Rialachais Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, ina bhfuil na nithe atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird chomh maith. I measc na nithe buana a bhíonn á mbreithniú ag an mBord tá:

- dearbhú leasanna;
- tuairiscí ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha feidhmíochta;
- díscaoileadh an DHDA agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaíonn alt 31 (4) den Acht um Ghníomhaieacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 ar Bhord Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach cuntais a choinneáil, sa bhfoirm sin a fhéadfaidh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a cheadú le faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar Bhord Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura rud é nach bhfuil sé iomchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme curtha i bhfeidhm, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 31 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil an 27 Feabhra 2026.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sa bhliain 2025, lean an Bord dá fhreagrachtaí rialachais, agus reáchtáladh gach cruinniú sceidealta de chuid an Bhoird agus na gCoistí. Reachtáladh cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí go pearsanta, go cianda trí fhíschomhdháil, agus ar bhealach hibrideach a bhí ina mheascán de bheith i láthair go pearsanta agus ar líne. Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, don tréimhse idir an 05 Iúil 2025 agus an 07 Lúnasa 2025, ní raibh córam ag Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digitieach laistigh dá Chomhaltas Boird.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach léargas fíor, cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2025.

## Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí Cathaoirleach, cúigear gnáthchomhalta agus comhalta ex-officio amháin (an Príomhfheidhmeannach) ar an mBord. Cheap an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhalta.

Leagtar amach sa tábla thíos tréimhsí ceapacháin na ndaoine ar leith a bhí ag fónamh ar an mBord i rith 2025:

Cuireadh tús le cleachtadh inmheánach maidir le hÉifeachtacht an Bhoird agus Meastóireacht in 2025. Bhreithnigh an Bord torthaí an athbhreithnithe seo an 27 Feabhra 2026. Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord agus a fhreagrachtaí á gcomhlíonadh aige maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú a ghabhann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach, neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ba iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain ná: Stephen Casey (Cathaoirleach), Alice Butler (ball seachtrach), Austin Campbell agus Darina Kneafsey. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2025.

- D'éirigh Stephen Casey as a chathaoirleacht ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma ar an mBord a bheith caite.
- D'éirigh Darina Kneafsey as a bheith ina Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 04 Iúil 2025 de bharr a téarma ar an mBord a bheith caite.
- Athcheapadh Stephen Casey ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 27 Lúnasa 2025.
- Ceapadh Austin Campbell ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 11 Meán Fómhair 2025.
- Athcheapadh Alice Butler ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 11 Samhain 2025.

| Comhalta Boird | Ról | Dáta céadcheaptha | Dáta éaga an téarma |
|---|---|---|---|
| Austin Campbell | Gnáthchomhalta – Ionadaí an Phobail Áitiúil | 05/07/22 | 07/08/27 |
| Brian Keogh | Gnáthchomhalta | 03/06/16 | 02/06/27 |
| Darina Kneafsey | Cathaoirleach | 05/07/19 | 07/08/27 |
| Darach O'Connor | Gnáthchomhalta – Ainmnithe ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 27/08/25 | 09/09/26 |
| Fiach Mac Conghail | Comhalta Ex-Officio – Príomhfheidhmeannach | 21/10/16 | 20/10/26 |
| Paul Holden | Gnáthchomhalta Cathaoirleach | 29/05/12 | 04/07/25 |
| Stephen Casey | Gnáthchomhalta | 05/07/19 | 07/08/27 |
| Richard Shakespeare | Gnáthchomhalta – Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 10/09/23 | 11/07/25 |

**Coiste Réadmhaoine:** Is é ról an Choiste Réadmhaoine tacú leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht agus ar éifeachtacht an chuir i bhfeidhm a dhéanann an fhoireann bainistíochta ar bheartais na Gníomhaireachta maidir lena punann réadmhaoine, agus tuairisciú go rialta don Bhord ar a thorthaí.

Ba iad comhaltaí an Choiste seo i rith na bliana: Brian Keogh (Cathaoirleach), Austin Campbell, Darina Kneafsey, Paul Holden, Richard Shakespeare agus Darach O'Connor. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Réadmhaoine in 2025.

- D'éirigh Paul Holden as a bheith ina chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma boird a bheith istigh.
- D'éirigh Richard Shakespeare as a bheith ina chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 11 Iúil 2025 tar éis dó éirí as an mBord.
- Ceapadh Darina Kneafsey ar an gCoiste Réadmhaoine an 27 Lúnasa 2025.
- D'éirigh Austin Campbell as an gCoiste Réadmhaoine an 11 Meán Fómhair 2025.
- Ceapadh Darach O'Connor ar an gCoiste Réadmhaoine an 11 Meán Fómhair 2025.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tá sceideal freastail (ag comhaltaí) ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí i dtaobh 2025 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| | Bord | Coiste Iniúchóireachta | Coiste Réadmhaoine | Táillí 2025 € | Caiteachas 2025 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Alice Butler* | – | 6 | – | – | – |
| Austin Campbell | 5 | 2 | 4 | 7,010 | – |
| Brian Keogh | 6 | – | 6 | 7,695 | – |
| Darach O'Connor** | 3 | – | 2 | – | – |
| Darina Kneafsey | 4 | 2 | 3 | 8,701 | 2,963 |
| Fiach Mac Conghail** | 6 | – | – | – | – |
| Paul Holden | 3 | – | 3 | 6,169 | – |
| Richard Shakespeare** | 1 | – | 0 | – | – |
| Stephen Casey | 6 | 6 | – | 7,010 | – |
| **Iomlán** | 34 | 16 | 18 | 36,585 | 2,963 |

* Comhalta seachtrach neamhíoctha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

** Ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir 'Prionsabal an Aon Tuarastail Amháin Aon Duine Amháin', arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhise Poiblí agus Digitiúcháin. Mar thoradh air sin, ní bhfuair triúr de chomhaltaí Bhord an DHDA táillí i rith na bliana (Fiach Mac Conghail, Richard Shakespeare agus Darach O'Connor).

Íocadh táillí le comhaltaí an Bhoird de réir na rátaí caighdeánacha formheasta i dtaobh na dtréimhsí atá i gceist.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

### Bord

- D'éirigh Paul Holden as a phost mar Chathaoirleach ar an mBord an 4 Iúil 2025 de bharr théarma a oifige a bheith istigh.
- D'éirigh Austin Campbell as a bheith ina Chomhalta den Bhord an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma oifige a bheith istigh.
- D'éirigh Darina Kneafsey as a bheith ina Comhalta den Bhord an 04 Iúil 2025 de bharr a téarma oifige a bheith istigh.
- D'éirigh Stephen Casey as a bheith ina Chomhalta den Bhord an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma oifige a bheith istigh.
- D'éirigh Richard Shakespeare as a bheith ina Chomhalta den Bhord an 11 Iúil 2025.
- Athcheapadh Darina Kneafsey chuig an Bhord an 8 Lúnasa 2025 mar Chathaoirleach.
- Athcheapadh Austin Campbell mar Chomhalta den Bhord an 08 Lúnasa 2025.
- Athcheapadh Stephen Casey mar Chomhalta den Bhord an 08 Lúnasa 2025.
- Ceapadh Darach O'Connor ar an mBord ar ainmniú ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an 27 Lúnasa 2025.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

- D'éirigh Stephen Casey as a chathaoirleacht ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma ar an mBord a bheith caite.
- D'éirigh Darina Kneafsey as a bheith ina Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 04 Iúil 2025 de bharr a téarma ar an mBord a bheith caite.
- Athcheapadh Stephen Casey ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 27 Lúnasa 2025.
- Ceapadh Austin Campbell ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 11 Meán Fómhair 2025.
- Athcheapadh Alice Butler don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 11 Samhain 2025.

### Coiste Réadmhaoine

- D'éirigh Paul Holden as a bheith ina chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 04 Iúil 2025 de bharr a théarma boird a bheith istigh.
- D'éirigh Richard Shakespeare as a bheith ina chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 11 Iúil 2025 tar éis dó éirí as an mBord.
- Ceapadh Darina Kneafsey ar an gCoiste Réadmhaoine an 27 Lúnasa 2025.
- D'éirigh Austin Campbell as an gCoiste Réadmhaoine an 11 Meán Fómhair 2025.
- Ceapadh Darach O'Connor ar an gCoiste Réadmhaoine an 11 Meán Fómhair 2025.

## Nochtuithe a éilítear de réir Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tar éis cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhise Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016 é. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach de réir an Chóid.

## Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe ar mó iad ná €60,000 leagtha amach i nóta 6 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

## Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireacha costas comhairle seachtraí don bhainistíocht agus níl feidhmeanna 'gnáthghnó' seachfhoinsithe san áireamh.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 12,763 | 8,229 |
| Soláthar | 48,629 | – |
| Comhairleoireacht agus athfhorbairt | 46,092 | 31,099 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 3,212 | 2,800 |
| Rialachas | 17,750 | 2,500 |
| Luacháil réadmhaoine | 9,000 | 6,250 |
| Iniúchadh inmheánach agus cáin | 66,033 | 65,597 |
| Iniúchadh fuinnimh | – | 9,975 |
| **Iomlán na gcostas comhairleoireachta** | **203,479** | **126,450** |
| Costais chomhairleoireachta arna gcaipitliú | 46,092 | 31,099 |
| **Costais chomhairleoireachta arna ngearradh ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí ioncaim arna gcoinneáil** | **157,387** | **95,351** |
| **Iomlán** | **203,479** | **126,450** |

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

In 2025, níor thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach aon chostais dlí ná socraíochtaí faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| – Bord | 2,963 | 2,216 |
| – Fostaithe | 4,728 | 614 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| – Bord | – | – |
| – Fostaithe | – | 1,281 |
| **Iomlán** | **7,691** | **4,111** |

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas do chliaint* | 10,733 | 14,824 |
| Fáilteachas don bhfoireann | 2,503 | 1,236 |
| **Iomlán** | **13,236** | **16,060** |

* Áirítear leis sin imeachtaí líonraithe fiontraíochta agus pobail ar an gcampas.

## Ráiteas Comhlíonta

Bhí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 amhail an 31 Nollaig 2025, ach amháin i gcás gné amháin mar a thuairiscítear thíos.

Ag a chruinniú an 25 Deireadh Fómhair 2024, chinn an Bord tús a chur leis an obair ar sheachadadh straitéise trí bliana a forbraíodh i rith na bliana 2025. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, cuireadh cóip den dréachtphlean straitéiseach faoi bhráid an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an 29 Meitheamh 2025. Ghlac an Bord leis an straitéis ag a chruinniú an 11 Nollaig 2025.

In éagmais straitéise, d'fhaomh an Bord spriocanna/cuspóirí don tréimhse 2025 an 05 Nollaig 2024 agus cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad an 06 Nollaig 2024.

Idir an 05 Iúil 2025 agus an 07 Lúnasa 2025, ní raibh córam ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach i gcomhaltas a Bhoird. Bhain an Bord córam amach arís an 08 Lúnasa 2025 nuair a rinne an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt na ceapacháin seo a leanas:

- Ceapadh Darina Kneafsey ina Cathaoirleach ar an mBord.
- Ceapadh Austin Campbell ina ghnáthchomhalta den Bhord.
- Ceapadh Stephen Casey ina ghnáthchomhalta den Bhord.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

| **Darina Kneafsey** | **Fiach Mac Conghail** |
|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta Boird |

Dáta: 03 Meitheamh 2026

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025**

## Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh agus go n-oibrítear é.

Soláthraíonn an córas dearbhú réasúnach, ach ní dearbhú iomlán é, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

## Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá bearta glactha ag an mBord chun tacú le bainistíocht riosca tríd na nithe seo a leanas a bhunú:

i. polasaí bainistíochta riosca;

ii. beartais, nósanna imeachta agus oiliúint iomchuí maidir le bainistíocht riosca;

iii. feidhm iniúchóireachta inmheánaí chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le héifeachtacht an rialaithe inmheánaigh;

iv. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a thacaíonn leis an mBord agus a fhreagrachtaí á gcomhlíonadh aige maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar;

v. Coiste Réadmhaoine a thugann tacaíocht don Bhord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht, agus ar éifeachtacht chur i bhfeidhm a dhéanann an fhoireann bainistíochta ar bheartais na Gníomhaireachta maidir lena phunann réadmhaoine.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe a bhunú a thugann dearbhú go mbainfidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuid cuspóirí amach go dtí leibhéal inghlactha riosca iarmharaigh.

Cuimsíonn creat riosca agus rialaithe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach na nithe seo a leanas:

i. Beartas Bainistíochta Riosca arna chomhaontú agus arna shíniú ag an mBord.

ii. Clár Rioscaí a léiríonn na rioscaí siúd atá ábhartha i gcomhthéacs saothrú a cuid cuspóirí foriomlána ag an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Sa Chlár Rioscaí taifeadtar measúnú na Gníomhaireachta ar thionchar agus ar dhóchúlacht gach riosca a aithníodh, na rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú, agus na daoine atá freagrach as a gcur i bhfeidhm agus as a n-éifeachtacht. Déanann an Feidhmeannacht, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí dhá uair sa bhliain ar a laghad. Tuairiscítear teipeanna ar rialú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord agus cuirtear gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí i bhfeidhm;

iii. áirítear ar phríomhphróisis na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach chun rioscaí a rialú:

a. nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó;

b. creat d’fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta;

c. sannadh freagrachtaí mar aon leis na socruithe cuntasachta agus tuairiscithe comhfhreagracha;

d. córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus a chomhaontaíonn sé, athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an réamhaisnéis, spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

e. córais a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil agus athléimneacht chórais TFC na Gníomhaireachta a chinntiú;

f. córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;

g. córais i bhfeidhm chun neastheagmhais agus laigí/teipeanna rialaithe inmheánaigh a thuairisciú agus a uasligean.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an DHDA a oibríonn i gcomhréir leis an gCreat-Chód Barrchleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina lé mar bhonn eolais ag an iniúchadh inmheánach; tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus faomhadh ar an anailís riosca agus ar na pleananna iniúchóireachta inmheánaí, agus déanann an Bord iad a fhormheas freisin. Cuireann an tIniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí faoi bhráid an Bhoird uair sa bhliain ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na hiniúchóireachta inmheánaí, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na hiniúchóireachta inmheánaí, ar fhoireann bainistíochta na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bhfuil freagracht uirthi as creat an rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar na tuairimí a chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním, i ndáil leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2025, gur choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Rinne gnólacht seachtrach athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2025 agus shínigh Bord na Gníomhaireachta é an 27 Feabhra 2026.

Tá cinnteacht réasúnta ag an nGníomhaireacht go bhfuil na córais Rialaithe Inmheánaigh a bunaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain airgeadais a chríochnaigh an 31 Nollaig 2025 éifeachtach, agus nár sainaithníodh aon fhadhbanna ábhartha maidir le rialú inmheánach.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Bhí trí fhadhb ann maidir le rialú inmheánach i rith na bliana 2025:

i. Ar an 28 Feabhra 2025, fuair an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach fógra contúirte faoi alt 59 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Leagann an fógra seo amach rún ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath struchtúr cosanta a dhéanamh d’Fhoirgneamh Millar (Sráid Rainsford) agus éilíonn sé ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tabhairt faoi oibreacha éigeandála chun an struchtúr a chaomhnú agus a dhéanamh sábháilte faoin 30 Bealtaine 2025.

   Cuireadh iarratas chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar mhaoiniú caipitil breise chun cloí leis an bhfógra ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

   Tar éis plé idir an DHDA agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, cuireadh síneadh leis an amlíne chun gur féidir na hoibreacha a chur i gcrích faoin 9 Eanáir 2026. Nuair a fuarthas an maoiniú caipitil bheise i mí na Samhna 2025, cuireadh tús leis na hoibreacha agus críochnaíodh iad i mí na Nollag 2025.

ii. Níor íoc an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (1) Cáin ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe (€574,500 a bhí dlite do na Coimisinéirí Ioncaim faoin 23 Bealtaine 2025) (2) Tobhach ar Láithreán Folamh (€315,000 a bhí dlite do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoin 25 Lúnasa 2025) in am.

   Rinneadh éileamh ar mhaoiniú breise ón Státchiste do na míreanna seo i mBealtaine 2025 agus fuarthas maoiniú i mí na Nollag 2025. Íocadh Cáin ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe, ús €25,666 san áireamh, leis na Coimisinéirí Ioncaim an 15 Nollaig 2025 agus íocadh an Tobhach ar Láithreán Folamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an 22 Nollaig 2025.

iii. Idir an 05 Iúil 2025 agus an 07 Lúnasa 2025, ní raibh córam ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach i gcomhaltas a Bhoird. Níor tionóladh aon chruinnithe Boird nó Coiste le linn na tréimhse seo.

   Is é an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a cheapann comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

   Leanfaidh Cathaoirleach an DHDA de chomhairle a chur ar an Aire maidir le folúntais atá ag teacht aníos i gComhaltas Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus leanfaidh sé de riachtanas maidir le comhionannas inscne agus éagsúlacht ag leibhéal an Bhoird a chur in iúl i gceapacháin Bhoird amach anseo.

## Soláthar

Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach atá deartha chun comhlíonadh rialacha soláthair a chinntiú.

## Faomhadh ón mBord

Tá an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an mBord lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

| **Darina Kneafsey** | **Fiach Mac Conghail** |
|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta Boird |

Dáta: 03 Meitheamh 2026

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 d'Acht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na gcúlchistí ioncaim arna gcoinneáil
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain 2025 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

## Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar a d'fhoilsigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur-síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur-síos ar m'fhreagrachtaí tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus i ndáil le nithe áirithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## Íocaíocht Cánach ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe

Léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach agus i nóta 7.1 leis na ráitis airgeadais gur thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach dliteanas Cánach ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe dar luach €575,400 i mí Feabhra 2025 i ndáil le trí shuíomh forbartha folmha atá ina seilbh. D'íoc an Ghníomhaireacht an cháin leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2025 agus d'íoc sí €25,666 sa bhreis mar ús mar thoradh ar an moill ar an íocaíocht cánach a dhéanamh.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meitheamh 2026

## Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 d'Acht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach 2003
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta iomchuí, agus
- an rialú inmheánach siúd a chinnfidh siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi alt 31 d'Acht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach 2003 ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna ráiteas mícheart ábhartha i gcónaí más ann dó. Is féidir ráitis mhíchearta a bheith ann de dheasca calaoise nó earráide agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go gcuirfidís isteach ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním na rioscaí a bhaineann le ráitis airgeadais a bheith ráite go mícheart go hábhartha agus measaim iad, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an baol ann nach n-aimseofar ráiteas mícheart ábhartha de thoradh calaoise níos mó ná an baol a bhaineann le ráiteas mícheart de thoradh earráide, toisc go bhféadfadh comhcheilg, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, míléiriú, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Críochnaím maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhaineann amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach, i measc nithe eile, as an rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisciú trí eisceacht más é mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe go léir a bhí ag teastáil uaim don iniúchadh atá á dhéanamh agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun a chur ar mo chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál conclúide dearbhaithe in iúl ina thaobh.

I dtaca le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na ISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil cuma air go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar bhealach eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil ráiteas mícheart ábhartha sa bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m’iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má aithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú má aithním aon chás ábhartha nach n-úsáidtear airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nach raibh idirbhearta ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile | 4 | 2,077,251 | 1,929,513 |
| Deontais ón Státchiste | 5 | 3,080,000 | 2,397,000 |
| | | **5,157,251** | **4,326,513** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais a bhaineann leis an bhFoireann | 6 | 1,420,518 | 1,408,291 |
| Costais Oibríochtaí, Gnáthchostais agus Costais Riaracháin | 7 | 3,669,067 | 3,131,831 |
| Caidreamh Pobail | 8 | 100,140 | 85,622 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 9 | 54,959 | 70,000 |
| | | **5,244,684** | **4,695,744** |
| **Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(87,433)** | **(369,231)** |
| Laghdú ar luach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 10 | (4,383,990) | (1,731,850) |
| Gluaiseacht i bhfíorluach Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | (1,712,106) | (920,892) |
| Cáin Chorparáide | 13 | (161,643) | (3,107) |
| **Easnamh don Bhliain** | | **(6,345,172)** | **(3,025,080)** |
| Iarmhéid ar an 01 Eanáir | | (22,048,596) | (19,023,516) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | | (28,393,768) | (22,048,596) |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

**Darina Kneafsey**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta Boird

Dáta: 03 Meitheamh 2026

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don Bhliain** | | **(6, 345,172)** | **(3,025,080)** |
| Gnóthachain (Caillteanais) Achtúireacha ar Dliteanais Phinsin | 16 (ii) | 1,378,000 | 147,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | | (1,378,000) | (147,000) |
| **Iomlán na gCaillteanas Aitheanta don bhliain** | | **(6, 345,172)** | **(3,025,080)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

| | |
|---|---|
| **Darina Kneafsey** | **Fiach Mac Conghail** |
| Cathaoirleach | Comhalta Boird |

Dáta:    03 Meitheamh 2026

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | 25,667,015 | 28,934,089 |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | 13,150,000 | 14,575,000 |
| | | 38,817,015 | 43,509,089 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 14 | 320,267 | 270,002 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 3,273,280 | 1,391,968 |
| | | 3,593,547 | 1,661,970 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Le n-íoc (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (1,946,475) | (1,615,438) |
| **Glan-shócmhainní lúide dliteanais** | | 1,647,072 | 46,532 |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | 40,464,087 | 43,555,621 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 16(ii) | 2,887,000 | 3,888,000 |
| Dliteanais Pinsin | 16(ii) | (2,887,000) | (3,888,000) |
| **Iomlán na nGlan-shócmhainní** | | 40,464,087 | 43,555,621 |
| **Arna ionadú ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 17 | 68,857,855 | 65,604,217 |
| Cúlchistí Ioncaim Arna gCoinneáil | | (28,393,768) | (22,048,596) |
| | | 40,464,087 | 43,555,621 |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

**Darina Kneafsey**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta Boird

Dáta: 03 Meitheamh 2026

# Ráiteas Sreafaí Airgid

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025**

| | Nóta | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (6,345,171) | (3,025,080) |
| Dímheas | 10 | 302,251 | 242,131 |
| Athluacháil Réadmhaoine | 10 | 4,383,990 | 1,731,850 |
| Athluacháil Réadmhaoine Infheistíochta | 11 | 1,712,106 | 920,892 |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | 14 | (50,265) | 35,954 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 15 | 331,036 | (200,343) |
| Ús Bainc | | (401) | (381) |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 333,546 | (294,977) |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | 10 | (1,419,167) | (1,136,689) |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin Infheistíochta a fháil | 11 | (287,106) | (570,892) |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | (1,706,273) | (1,707,581) |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Bainc Faighte | | 401 | 381 |
| Maoiniú Caipitil | 17 | 3,253,638 | 1,572,775 |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | 3,254,039 | 1,573,156 |
| **Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim** | | 1,881,312 | (429,402) |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid an 1 Eanáir | | 1,391,968 | 1,821,370 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig** | | **3,273,280** | **1,391,968** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025**

## 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus tá an phríomhoifig lonnaithe san Iosta Digiteach, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Tá bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad uile go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a. Eolas Ginearálta

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht sin:

i. soláthar a chur i gcrích, soláthar a chinntiú agus forbairt an Mhoil Dhigitigh a chur chun cinn agus a éascú mar shuíomh d’fhiontair dhigiteacha agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara, oibreacha tógála nó cothabhála san áireamh;
ii. straitéisí a cheapadh chun daoine aonair agus fiontair atá ag gabháil d’ábhar digiteach agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara a spreagadh chun lonnú sa Mhol Digiteach;
iii. soláthar bonneagair theicniúil agus chumarsáide a chur chun cinn agus a éascú chun fiontair dhigiteacha a mhealladh chuig an Mol Digiteach;
iv. plean forbartha a ullmhú de réir Alt 9;
v. meastacháin a ullmhú ar chostais chur i bhfeidhm an phlean forbartha agus roghanna maoinithe féideartha a mholadh;
vi. maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean forbartha;
vii. dul i gcomhairle le leasanna an phobail áitiúil sa Mhol Digiteach nó ina chóngar mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean fhorbartha;
viii. comhaontuithe a dhéanamh le daoine eile d’fhonn forbairt an Mhoil Dhigitigh a chinntiú, cibé acu trí chomhghéilleadh, comhfhiontar, comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach nó aon mhodh eile;
ix. comhaontú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, le duine a bhfuil maoiniú socraithe nó curtha ar fáil aige chun aon chuid d’fhorbairt an Mhoil Dhigitigh a chur i gcrích.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) é an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

### b. Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 agus don bhliain roimhe sin ullmhaithe i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a d’fhoilsigh Cuntasóirí Cairte Éireann.

### c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh cuntasaíochta an fhabhraithe, ach amháin i gcás Deontas ón Státchiste agus i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le comhaontú an Aire Airgeadais faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Tá na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus déileáil á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

## d. Ioncam

### Deontais ón Státchiste

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth; eisceacht amháin is ea Deontais ón Státchiste a aithnítear ar bhonn fáltais airgid tirim.

### Ioncam Deontais Eile

Coinnítear ioncam deontais a bailíodh ach nár tuilleadh mar ioncam iarchurtha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais agus leithdháiltear é ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain a mbaineann an deontas léi.

### Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

Aithnítear ioncam tráchtála agus ioncam eile ar bhonn fabhraithe. Déantar ioncam nár tuilleadh a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus aistrítear chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus chuig Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil é nuair a thuilltear é.

### Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe, tríd an mhodh ráta úis éifeachtach a úsáid.

## e. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### i. Sócmhainní Forbartha

Is é atá i sócmhainní forbartha ná talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta le húsáid chun ionad d'fhiontair nuálacha teicneolaíochta a fhorbairt. Nuair a fhorbraítear iad, cuirtear na sócmhainní sa chuntas mar Réadmhaoin Infheistíochta.

Déantar sócmhainní forbartha a láimhseáil mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus déantar iad a mheas trí úsáid a bhaint as an tsamhail athluachála. I gcás ina méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainní de thoradh athluachála, aithnítear an t-ardú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. I gcás ina n-aisiompaíonn an méadú laghdú luachála a aithníodh roimhe seo ar na sócmhainní ábhartha, aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

### ii. Daingneáin & Feistis agus Trealamh Ríomhaire

Léirítear Daingneáin & Feistis agus Trealamh Ríomhaire ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála maidir le lagú luacha. Déantar soláthar do dhímheas ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn mhéid chothroim thar a saolréanna úsáideacha measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin & Feistis | 20% sa bhliain |
| Trealamh Ríomhaire | 33$^{1}/_{3}$% sa bhliain |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn cheana féin den aois agus sa riocht a bhfuiltear ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil laghdú tagtha ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

## f. Réadmhaoin Infheistíochta

Is réadmhaoin infheistíochta í réadmhaoin ar a bhfuil an fhorbairt curtha i gcrích agus a choinníonn an DHDA ar mhaithe lena hacmhainneacht infheistíochta agus chun ioncam cíosa a ghiniúint.

Aithnítear réadmhaoin infheistíochta ag gcostas ar dtús. Déantar réadmhaoin infheistíochta, ar féidir a luach cóir a mheas go hiontaofa, a mheas ag luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

## g. Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d’fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil d’fhiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an DHDA in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d’fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

## h. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## i. Sochair Fhostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana faoi Chuntais Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scéim phinsin le sochar sainithe.

Tá socrú ag an DHDA leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt faoina n-aisíocfar leis an DHDA gach airgead is gá chun oibleagáidí pinsin a shocrú nuair a bhíonn siad dlite. Mar chúiteamh air sin, ceanglaítear ar an DHDA méid a íoc leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt atá cothrom le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain móide ranníocaíocht fostóra ag rátaí arna socrú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill foireann an DHDA sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe. Coinníonn an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt iad sin. Aithnítear méid atá cothrom leis na sochair a thuill an fhoireann mar mhaoiniú iarchurtha i gcomhréir leis an socrú aisíocaíochta atá leagtha amach thuas.

Déantar dliteanais scéime pinsin, arna léiriú ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill foireann an DHDA go dtí seo, a mheas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as an modh aonaid réamh-mheasta (más cuí). Meastar gurb ionann an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do mhéid an Mhaoinithe Phinsin Iarchurtha agus méid measta na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (‘Scéim Aonair’) freisin, don bhfoireann a thosaigh ag obair san earnáil phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na scéime aonair agus ranníocaíocht Fostóra (de réir mar a cheanglaítear faoi chiorclán 28/2016 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é ranníocaíocht an Fhostóra an muirear sochair scoir i leith na Scéime Aonair.

## j. Cáin iarchurtha

I gcomhréir le FRS 102, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil do cháin iarchurtha ar bhonn ‘lánfhorála’ a eascraíonn as difríochtaí ama idir aitheantas gnóthachan nó caillteanas sna ráitis airgeadais agus a n-aitheantas i ríomh cánach. Ní dhéantar iarmhéideanna cánach iarchurtha a lascainiú toisc go meastar nach mbeadh éifeacht an lascainithe ábhartha.

## k. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht nuair a bunaíodh í agus ina dhiaidh sin, móide maoiniú caipitil agus deontais eile a fuarthas.

## 2. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus i leith dliteanas amhail ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus do chaiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar nádúr an mheasta go d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an DHDA ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch úsáideach agus ar luachanna iarmharacha feisteas agus daingneán agus trealamh ríomhaire, agus tá sé déanta amach acu go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana ar mbunaítear na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostais chúram sláinte), a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil de réir na gcoinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo;

iii. rátaí treochta chostais chúram sláinte, an ráta boilscithe chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

### Luacháil Réadmhaoine

Déanann saineolaithe luachála eastáit réadaigh na Gníomhaireachta luach cóir réadmhaoine infheistíochta a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála aitheanta agus prionsabail FRS102. Tá na modhanna agus na boinn tuisceana suntasacha a úsáideann luachálaithe chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus na sócmhainní forbartha a mheas leagtha amach go mion i nóta 12.

## 3. Gnóthas Leantach agus Forbairt amach anseo

Clúdaíonn an DHDA a chostais oibriúcháin faoi láthair trí mheascán de dheontais ón Státchiste agus ioncam tráchtála.

I mí Aibreáin 2021, d'fhógair an Rialtas a chinneadh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ("DHDA") a dhíscaoileadh tar éis moladh ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. De réir treorach ón Rialtais, aistreofar réadmhaoin atá i seilbh an DHDA i gceantar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath 8 chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

D'aithin an LDA tailte agus réadmhaoin áirithe faoi úinéireacht an DHDA a bhí riachtanach chun tithíocht a fhorbairt agus chun Máistirphlean Chrosaire Chrann Piorraí a chur i bhfeidhm.

Baineann Alt 54 d'Acht Forbartha Talún 2021 leis an DHDA agus go bhfuil an t-aistriú talún atá beartaithe ón DHDA chuig an Údarás Forbartha Talún bunaithe ar Thuarascáil 2023 ar Thailte Poiblí ábhartha (Tuarascáil Uimh. 1 Márta 2023) a ullmhaíodh de bhun alt 52 d'Acht 2021.

Aithnítear in alt 52(7) go sonrach gur féidir leis an Gníomhaireacht Forbartha Talún tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais ag am ar bith, i gcomhréir leis an alt seo, maidir le haon talamh phoiblí ábhartha ar leith.

I gcomhréir le cinneadh an rialtais an DHDA a dhíscaoileadh agus i ndiaidh plé lenár máthair-roinn (an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt) agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, d'aontaigh Bord an DHDA ag cruinniú an Bhoird an 27 Feabhra 2026, Príomhthéarmaí a shíniú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún maidir le haistriú réadmhaoin an DHDA chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. (Nóta 19)

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

Tá litir curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag deimhniú go bhfanfaidh an DHDA i mbun gnó go dtí mí na Nollag 2027 ar a laghad chun foirceannadh ordúil a éascú.

Ag cruinniú Boird an 27 Feabhra, mar chuid de dhíscaoileadh na Gníomhaireachta, d'aontaigh Bord an DHDA comhaontú a dhéanamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus lenár máthair-roinn, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, feidhmeanna, réadmhaoin agus foireann an DHDA a aistriú chuig eintiteas dlíthiúil ar leith laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi réir ceadú ón rialtas agus ón Aire. (Nóta 19)

Sna dálaí a thuairiscítear thuas, is deimhin leis an mBord go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn agus measann sé, dá bhrí sin, gur cuí na cuntais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Leanann an Ghníomhaireacht de luach a cuid sócmhainní infheistíochta agus forbartha a mheas i gcomhréir lena beartais chuntasaíochta.

## 4. Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

Áirítear san Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile ioncam ó cheadúnais agus léasanna ar fiú €787,744 iad (2024: €768,988), ioncam ó mhuirir seirbhíse ar fiú €1,066,740 iad (2024: €1,022,097), ioncam Smart D8 ar fiú €162,000 é (2024: €50,375) agus ioncam ó fhéile Beta ar fiú €14,306 é (2024: €75,238).

## 5. Deontais ón Státchiste

Deimhníonn an DHDA go bhfuil córais leordhóthanacha um rialú airgeadais i bhfeidhm aige chun cistí deontaithe a bhainistiú de réir na dtreoirlínte faoi Chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Seo a leanas na deontais a fuarthas ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt arna ndéanamh faoi Alt 29 d'Acht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach 2003 (Vóta 29: Fo-cheannteideal A4) chun críocha caiteachais ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Reatha** | | |
| Oibríochtaí | 2,928,000 | 2,245,000 |
| Caidreamh Pobail | 70,000 | 70,000 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 82,000 | 82,000 |
| | 3,080,000 | 2,397,000 |

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Caipiteal** | | |
| Oibreacha Forbartha agus bainistíocht láithreán tréigthe* | 3,253,638 | 1,572,775 |

*Maoiniú ón Státchiste a fuarthas i leith oibreacha forbartha.

## 6. Costais a bhaineann leis an bhFoireann

### a. Sochair Chomhiomlána na bhFostaithe

Ba é 12 an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an DHDA i rith na bliana (2024: 12). Anuas air sin, coinníonn an DHDA seirbhísí ball foirne amháin ó ghníomhaireacht tríú páirtí. Seo a leanas na costais phárolla comhiomlána:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha | | |
| Foireann Tuarastail | 1,040,724 | 1,027,554 |
| Foireann gníomhaireachta tríú páirtí | 64,100 | 61,047 |
| Foireann ar Iasacht | – | – |
| Táillí na gComhaltaí Boird | 36,585 | 47,239 |
| ÁSPC an Fhostóra | 111,844 | 110,323 |
| Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra | 167,265 | 162,128 |
| | 1,420,518 | 1,408,291 |

### b. Sochair Ghearrthéarmacha don bhFoireann

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 1,040,724 | 1,027,554 |
| Liúntais | – | – |
| Sochair Fhoirceannta | – | – |
| Árachas Sláinte | – | – |
| | 1,040 724 | 1,027,554 |

### c. Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta an DHDA comhaltaí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus an Príomhoifigeach Airgeadais. Is é €302,094 luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta in 2025 (2024: €313,784).

Ní chuirtear luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh leis seo. Ní baill den scéim phinsin iad na Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin. Is ball de Scéim Pinsean Aoisliúntais an DHDA é an Príomhfheidhmeannach, agus is ball neamhdhílsithe de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí é an Príomhoifigeach Airgeadais.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

## d. Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €139,445 an pacáiste luach saothair don Phríomhfheidhmeannach don tréimhse airgeadais in 2025 (2024: €134,280).

Is ball de Scéim Pinsean Aoisliúntais an DHDA é an Príomhfheidhmeannach agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim phinsin shamhlach na seirbhíse poiblí. Ní chuirtear luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas.

Cloíonn an DHDA le beartas pá an Rialtais agus le téarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí a tháinig i bhfeidhm an 01 Eanáir 2024. In 2025, baineadh €37,216 as an bpárolla i leith na ranníocaíochta aoisliúntais breise agus íocadh í leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (2024: €35,193). In 2025, bronnadh caiteachas €3,074 (2024: €3,250) ar an bhfoireann mar aitheantas d'fhostaithe.

Tabhaíodh costais bhreise a bhaineann le foireann ar fiú €2,502 (2024: €1,236) iad i ndáil le himeachtaí foirne.

## e. Miondealú ar Fhoireann a fhaigheann tuarastal (os cionn €60,000)

| | **Líon na bhFostaithe 2025** | **Líon na bhFostaithe 2024** |
|---|---|---|
| €60,000 go €69,999 | 1 | 1 |
| €70,000 go €79,999 | 2 | 1 |
| €80,000 go €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 go €99,999 | 2 | 2 |
| €100,000 go €109,999 | – | – |
| €110,000 go €119,999 | – | 1 |
| €120,000 go €129,999 | 1 | – |
| €130,000 go €139,999 | 2 | 2 |

## 7. Costais Oibríochtaí, Gnáthchostais agus Costais Riaracháin

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Taisteal agus Cothú | 2,134 | 2,370 |
| Costais a bhaineann le Réadmhaoin | 1,798,145 | 1,723,270 |
| Árachas | 149,031 | 198,240 |
| Costais a bhaineann le Margaíocht | 33,820 | 16,985 |
| Costais a bhaineann le Forbairt Réadmhaoine | 34,219 | 33,117 |
| Tobhach ar Láithreáin Fholmha (féach Nóta 7.1) | – | 315,000 |
| Cáin ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe (féach Nóta 7.1) | 574,500 | – |
| Seirbhísí Gairmiúla (féach Nóta 7.2) | 269,177 | 264,991 |
| Forchostais Oifige (Féach Nóta 7.3) | 296,206 | 217,722 |
| Costais Díscaoilte (Féach Nóta 7.4) | 24,171 | 12,844 |
| Foráil Smart D8 le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | 166,847 | 5,248 |
| Foráil Fhéile Beta le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | – | 81,821 |
| Táille Iniúchóireachta | 16,225 | 14,250 |
| Dímheas (féach Nóta 10) | 302,251 | 242,132 |
| Táillí Bainc | 2,307 | 2,241 |
| Drochfhiacha | – | 1600 |
| | 3,669,033 | 3,131,831 |

### 7.1 Cáin ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe agus Tobhach ar Láithreáin Fholmha

Tá an campas comhdhéanta de réadmhaoin forbartha agus infheistíochta, lena n-áirítear roinnt láithreán tionsclaíoch tréigthe. Tugadh an Cáin ar Thalamh Chónaithe Chriosaithe isteach i mí Feabhra 2025, in ionad an Tobhaigh ar Láithreáin Fholmha. Is é cuspóir na cánach talamh atá seirbhísithe agus criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó úsáide measctha a ghníomhachtú chun soláthar tithíochta a mhéadú agus chun athghiniúint tailte folmha agus díomhaoine in áiteanna uirbeacha a chinntiú. Don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2025, ba é 3% de luach margaidh na dtrí shuíomh seo a leanas an ráta iníoctha: (1) Stóras Shráid Watling (2) Cash and Carry (3) 24-27 Sráid Thomáis, agus b'ionann an dliteanas agus €574,500.

D'íoc an DHDA an dliteanas gan íoc i leith an Tobhaigh ar Láithreáin Fholmha don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 in 2025. Ba é an ráta iníoctha ná 7% de láithreán Shráid Watling, arb ionann an luacháil a rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath air agus €4.5m, agus b'ionann an tobhach ar láithreán folamh agus €315,000.

### 7.2 Seirbhísí Gairmiúla

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Earcú | – | 3,539 |
| Luacháil Réadmhaoine | 16,061 | 6,250 |
| Dlí/Iniúchadh Inmheánach/Cánachas | 44,939 | 31,485 |
| Caidreamh Poiblí/Gnóthaí Poiblí | 113,069 | 99,332 |
| Seirbhísí Eile | 95,108 | 124,385 |
| | 269,177 | 264,991 |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

### 7.3 Forchostais Oifige

In 2025, bhí dhá léas oibriúcháin nach féidir a chealú san áireamh i bhForchostais Oifige, arbh ionann iad agus suim iomlán de €2,655 (2024: €5,015).

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Ní déanaí ná bliain amháin | 1,180 | 1,180 |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana | 1,475 | 3,835 |
| | 2,655 | 5,015 |

### 7.4 Costais Díscaoilte

I ndiaidh fhógra an Rialtais an 27 Aibreán 2021 an DHDA a dhíscaoileadh agus na sócmhainní a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, thabhaigh an DHDA táillí dlí agus gairmiúla breise i ndáil leis an ábhar seo ar luach €24,171 (2024: €12,844) lena n-áirítear costais dlí.

### 7.5 Tionscnaimh Eile Smart D8 agus Féile Beta

Sa bhliain 2020, sheol an DHDA an tionscadal Smart D8 i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ospidéal San Séamas agus réimse luchtanna leasa poiblí agus príobháideacha eile. Bunaíodh an tionscnamh chun Baile Átha Cliath 8 a fhorbairt mar thaispeántóir agus mar bhailíochtóir margaidh do réitigh nuálacha ar Shláinte agus Folláine an phobail. Tá roinnt gnéithe i gceist leis amhail oibriú le cónaitheoirí áitiúla, soláthraithe cúram sláinte, comhpháirtithe tionscail, gnólachtaí nuathionscanta agus taighdeoirí acadúla chun cur chuige a fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar shaol na cathrach agus ar shláinte agus ar leas na saoránach sna blianta amach romhainn.

De bharr rath an tionscnaimh Smart D8, cuireadh síneadh dhá bhliain eile leis an tionscadal ó mhí na Nollag 2024. Tá maoiniú Smart D8 faighte ag an DHDA mar phríomhpháirtí ó chomhpháirtithe éagsúla. Chuir an DHDA €30,000 leis an tionscadal in 2025 freisin.

I gcomhpháirtíocht le Aisling Murray, sheol an DHDA féile Beta, féile ealaíne agus teicneolaíochta, i mí na Samhna 2025 ar champas an Mhoil Dhigitigh. Chuir an DHDA maoiniú €24,959 ar fáil don bhféile in 2025.

## 8. Caidreamh Pobail

Baineann sé leis an gcostas atá ar chláir phobail áitiúla a sholáthar.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Seachadadh an Chláir | 100,140 | 85,622 |
| Costais Eile | – | – |
| | 100,140 | 85,622 |

## 9. Tionscnaimh Dhigiteacha

Baineann sé le costas tionscadal agus tionscnamh digiteach a sholáthraíonn ionad tástála d'úsáid na meán digiteach.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Féile Beta (Nóta 7.5) | 24,959 | 40,000 |
| Smart D8 (Nóta 7.5) | 30,000 | 30,000 |
| | 54,959 | 70,000 |

Rinneadh costais €11,075 (2024: nialas) a chaipitliú, rud a thug an caiteachas iomlán i ndáil le buiséad na dTionscnamh um Chaidreamh Pobail agus Chúrsaí Digiteacha go €155,099 (2024: €155,622).

## 10. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Forbairt Sócmhainní<br>€ | Daingneáin agus Feistis<br>€ | Trealamh Ríomhaire<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | |
| amhail an 01 Eanáir 2025 | 28,025,012 | 4,001,891 | 1,496,763 | 33,523,666 |
| Breiseanna | 958,990 | 447,397 | 12,780 | 1,419,167 |
| Athluacháil | (4,383,990) | – | – | (4,383,990) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **24,600,012** | **4,449,288** | **1,509,543** | **30,558,843** |
| | | | | |
| **Dímheas** | | | | |
| amhail an 01 Eanáir 2025 | – | 3,145,145 | 1,444,432 | 4,589,577 |
| Muirear don bhliain | | 272,726 | 29,525 | 302,251 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **–** | **3,417,871** | **1,473,957** | **4,891,828** |
| | | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 24,600,012 | 1,031,417 | 35,586 | 25,667,015 |
| **amhail an 31 Nollaig 2024** | **28,025,012** | **856,746** | **52,331** | **28,934,089** |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

## 11. Réadmhaoin Infheistíochta

Leagtar amach an ghluaiseacht i luach anonn na sócmhainní atá á sealbhú mar Réadmhaoin Infheistíochta anseo thíos.

| Réadmhaoin Infheistíochta | 31 Nollaig 2024 € | Breiseanna € | Diúscairt € | Athluacháil € | 31 Nollaig 2025 € |
|---|---|---|---|---|---|
| An tIosta Digiteach | 3,600,000 | 131,512 | – | (481,512) | 3,250,000 |
| Teach an Gheata | 550,000 | 2,299 | – | (52,299) | 500,000 |
| An Chúirt Dhigiteach | 3,400,000 | 22,385 | – | (272,385) | 3,150,000 |
| 10-13 Sráid Thomáis | 1,150,000 | 91,972 | – | (191,972) | 1,050,000 |
| 157 Sráid Thomáis | 1,150,000 | 3,864 | – | (203,864) | 950,000 |
| 85-87 Sráid Thomáis | 500,000 | 4,476 | – | (54,476) | 450,000 |
| Townhouse Twenty2 | 1,000,000 | 4,199 | – | (104,199) | 900,000 |
| Spásanna páirceála Sráid Bonham | 325,000 | – | – | (25,000) | 300,000 |
| Grainstore | 2,900,000 | 26,399 | – | (326,399) | 2,600,000 |
| | **14,575,000** | **287,106** | **–** | **(1,712,106)** | **13,150,000** |

## 12. Athluacháil Réadmhaoine

i. Éilíonn FRS 102 athluacháil gach bliain go dtí luach cothrom (arb ionann é agus luach an mhargaidh oscailte) ar réadmhaoin infheistíochta, agus cuirtear athruithe luacha san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gcoinneáil. Ní úsáidtear an tsamhail chostais lúide dímheas ach amháin mura féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas nó iarracht mhíchuí. Tá gnólacht ghairmiúil luachálaithe fostaithe ag an DHDA chun luacháil neamhspleách a dhéanamh ar réadmhaoin na Gníomhaireachta.

ii. De bharr athruithe ar luachanna réadmhaoine le blianta beaga anuas, rinne gnólacht gairmiúil luachálaithe luachálacha neamhspleácha amhail an 31 Nollaig 2025, rud a raibh muirir shuntasacha lagaithe luacha mar thoradh orthu.

iii. Socraíodh an luacháil ar bhonn ioncam cíosa agus aird á tabhairt ag an am céanna ar nádúr gearrthéarmach na gceadúnas agus na léasanna éagsúla, ar an suíomh, ar riocht na n-airíonna agus ar dhálaí ginearálta an mhargaidh.

iv. Tá srian ar an DHDA maidir le húsáid na réadmhaoine ábhartha le haghaidh fiontar digiteach agus cuspóirí forbartha measctha. Cuireadh é seo san áireamh agus na luachálacha á gcinneadh.

### Sócmhainní Forbartha

Mar atá leagtha amach sna Beartais Chuntasaíochta, déantar Sócmhainní Forbartha a luacháil ag baint úsáide as an tsamhail athluachála.

Mar thoradh ar an luacháil neamhspleách ar na Sócmhainní Forbartha amhail an 31 Nollaig 2025, rinneadh athluacháil anuas foriomlán (€4,383,990). 2024: laghdú (€1,731,850), rud a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gcoinneáil.

### Réadmhaoin Infheistíochta

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách an Réadmhaoin Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2025, rinneadh athluacháil anuas foriomlán €1,712,106 (2024: laghdú €920,892) a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gcoinneáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

## 13. Cánachas

Tá an DHDA faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). Forálann an DHDA freisin do Cháin Iarchurtha ar bhonn 'lánfhorála' a eascraíonn as difríochtaí ama idir gnóthachain nó caillteanais a aithint sna ráitis airgeadais agus iad a aithint i ríomh cánach.

### a. Seo a leanas an cháin a gearradh ar/(a cuireadh chun sochair don) Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin na hÉireann ar bhrabúis na bliana airgeadais | 157,477 | – |
| **Iomlán na cánach reatha** | 157,477 | – |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Bunú agus aisiompú difríochtaí ama | 4,166 | 3,107 |
| Ró-sholáthar i mblianta roimhe seo | | – |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | 4,166 | 3,107 |
| **Cáin iomlán** | **161,643** | **3,107** |

Foráiltear le halt 610 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Sceideal 15) díolúine don DHDA ón gCáin Gnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairtí a rinneadh an 1 Eanáir 2008 nó dá éis. I dtaca le gach dliteanas cánach eile, déanann Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dícheall a bheith eiseamláireach maidir le comhlíonadh na ndlíthe cánach agus i gcomhréir lena hoibleagáidí cánach.

### b. Réiteach idir an caiteachas cánach atá san áireamh sa bhrabús agus caillteanas agus an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin arna iolrú faoin ráta cánach infheidhme:

Tá an cháin a measadh don bhliain airgeadais difriúil ón ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (25%). Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (6,183,526) | (3,021,973) |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta cánach infheidhme i bPoblacht na hÉireann, is é sin, 25% (2024 25%) | (1,545,881) | (755,493) |
| Éifeachtaí: | | |
| Caiteachas nach bhfuil inasbhainte | 156,085 | 81,961 |
| Liúntais chaipitil os cionn dímheasa | 46,395 | 40,313 |
| Úsáid liúntas caipitil breise | – | (15,468) |
| Cáin iarchurtha | 4,166 | 3,107 |
| Gluaiseacht i bhfíorluach Réadmhaoine Infheistíochta (nach bhfuil faoi réir cánach) | 1,524,024 | 663,185 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | (800) | – |
| Úsáid caillteanas cánach | (12,769) | (26,758) |
| Caillteanais chánach | (9,577) | 12,260 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (nóta 13(a))** | **161,643** | **3,107** |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

## 14. Infháltais

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Infháltais Chíosa | 85,240 | 32,983 |
| Cáin Chorparáide | – | – |
| Infháltais Eile agus Réamhíocaíochtaí | 198,039 | 195,865 |
| Sócmhainn Cánach Iarchurtha* | 36,988 | 41,154 |
| | 320,267 | 270,002 |

### *Sócmhainn/(Dliteanas) Cánach Iarchurtha

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Ar Threalamh Ríomhaireachta agus ar Dhaingneáin agus Feistis | 36,988 | 41,154 |

### Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith na bliana

| | Iarmhéid<br>31 Nollaig 2024<br>€ | Aitheanta<br>in I&C<br>€ | Iarmhéid<br>31 Nollaig 2025<br>€ |
|---|---:|---:|---:|
| Ar Dhaingneáin agus Feistis | 41,154 | (4,166) | 36,988 |

## 15. Le n-íoc (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---:|---:|
| Le n-íoc agus Fabhraithe – Oibríochtaí | 669,804 | 863,028 |
| – Forbairt Réadmhaoine | 782,760 | 510,332 |
| Cáin ar sheirbhísí gairmiúla agus Cáin Conarthaí iomchuí | 10,305 | 12,849 |
| Asbhaintí Éagsúla | 2,077 | 746 |
| Fabhrú Íocaíocht Saoire | 9,507 | 6,670 |
| CBL | 58,210 | 9,376 |
| Cáin Chorparáide | 157,477 | – |
| Taiscí Gealltanais na dTionóntaí | 159,284 | 163,249 |
| Ioncam Iarchurtha | 61,839 | 12,400 |
| ÍMAT agus ÁSPC | 35,212 | 36,788 |
| | 1,946,475 | 1,615,438 |

## 16. Costais Phinsin

### a. Scéim Phinsin

Faoi Alt 21 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, cuireann an DHDA scéim ar fáil chun sochair aoisliúntais a dheonú dá bhaill foirne agus ina leith, faoi réir ceadú ón Aire. Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais an DHDA agus Scéim Phinsin na gCéilí agus na Leanaí ar 'bhonn riaracháin' formheasta go dtí gur cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go foirmiúil í an 27 Márta 2017 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann an scéim aoisliúntais sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) agus sochair aisce bháis ar fáil i leith báis le linn seirbhíse. Cuireann an scéim Phinsin na gCéilí agus na Leanaí sochair phinsin do chéilí a mhaireann agus do leanaí cleithiúnacha comhaltaí nach maireann ar fáil. Déantar soláthar do na sochair atá iníoctha le baill den Scéim Aonair faoi théarmaí na scéime sin faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe iad an dá scéim.

Baintear tobhaigh phinsin as tuarastail agus íoctar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad go bliantúil mar aon le ranníocaíocht an fhostóra. Faoi na socruithe atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide dliteanas pinsin na Gníomhaireachta ina iomláine de réir mar a thiocfaidh na dliteanais sin chun cinn. Aithníonn an DHDA a cheart an chuig aisíocaíocht mar shócmhainn ar leith.

Tá an Bord tar éis an chóireáil agus na nochtaí a éilítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir), a oiriúnú chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Is é dliteanas pinsin FRS 102 ar an 31 Nollaig 2025 ná €2,887,000 (2024: €3,888,000).

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar dhliteanais phinsin i leith fhoireann na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2025. Rinne gníomhaí neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha FRS 102.

### b. Boinn Tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime faoi FRS 102 a ríomh:

| | 2025 | 2024 |
|---|---:|---:|
| Ráta lascaine | 4.4% | 3.30% |
| Méadú ar ráta tuarastail | 3.7% | 4.00% |
| Méadú ar ráta an phinsin | 3.2% | 3.50% |
| Méadú maidir leis an ráta boilscithe | 2.2% | 2.50% |
| Ionchas saoil ag aois 65: Fir | 22.3 bliain | 22.2 bliain |
| Ionchas saoil ag aois 65: Mná | 24.6 bliain | 24.5 bliain |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

### i. Anailís ar iomlán na gcostas pinsin a ghearrtar ar chaiteachas

Tá costais phinsin €167,265 (2024: €162,128) a gearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i gcomhréir leis na socruithe maoinithe a comhaontaíodh leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Mura mbeadh an socrú aisíocaíochta ann, bheadh an tionchar ar chostais mar seo a leanas:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí Fostóra (Príomhscéim) | 62,245 | 60,498 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra (scéim SPSPS) | 105,020 | 101,630 |
| Costas Reatha na Seirbhíse * | 241,000 | 217,000 |
| Costais Úis | 136,000 | 114,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú Pinsean Státchiste Iarchurtha | (377,000) | (331,000) |
| | 167,265 | 162,128 |

* Áiríodh ranníocaíocht fostaí €53,908 (2024: €52,210) i ríomh chostas na seirbhíse reatha.

### ii. Gluaiseacht i nDliteanas Pinsin Glan

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Dliteanas Pinsin Glan amhail an 1 Eanáir | 3,888,000 | 3,410,000 |
| Costas Reatha na Seirbhíse | 241,000 | 217,000 |
| Costas Úis | 136,000 | 114,000 |
| Caillteanas (gnóthachan) achtúireach ar dhliteanais scéime | (1,378,000) | 147,000 |
| Pinsean arna n-íoc sa bhliain | | |
| Dliteanas Pinsin Glan amhail an 31 Nollaig | 2,887,000 | 3,888,000 |

## 17. Cuntas Caipitil

| | | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| 1 Eanáir | Iarmhéid Tosaigh | 65,604,217 | 64,031,442 |
| | Maoiniú: Státchiste | | |
| | Oibreacha Forbartha | 3,253,638 | 1,572,775 |
| 31 Nollaig | Iarmhéid Deiridh | 68,857,855 | 65,604,217 |

## 18. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara

Áirítear ar phríomhphearsanra bainistíochta sa DHDA an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais do chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh, agus €302,094 (2024: €314,937).

## 19. Teagmhas Iarchláir Chomhardaithe

I gcomhréir le cinneadh an rialtais an DHDA a dhíscaoileadh agus i ndiaidh plé lenár máthair-roinn (An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt) agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, d'aontaigh Bord an DHDA ag cruinniú an bhoird an 27 Feabhra 2026, Príomhthéarmaí Comhaontaithe a shíniú leis an GFT maidir le haistriú maoine an DHDA chuig an GFT. Nuair a thaifeadfar an t-idirbheart seo (sa Bhliain Airgeadais 2026), is é an éifeacht a bheidh aige ná luacháil na sócmhainní forbartha ar Chlár Comhardaithe an DHDA a laghdú faoi €24,100,012 agus Réadmhaoin Infheistíochta an DHDA faoi €50,000, mar aon le laghdú comhfhreagrach €24,150,012 ar na Cúlchistí Caipitil. Méadóidh an t-easnamh sa Ráiteas Ioncaim agus sna cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil faoi €24,150,012. Méadóidh staid airgid an DHDA faoi €1,250,000, arb é sin an chomaoin díolacháin don idirbheart.

Ag cruinniú boird an 27 Feabhra, mar chuid de dhíscaoileadh na Gníomhaireachta, d'aontaigh Bord an DHDA comhaontú a dhéanamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus lenár máthair-roinn, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, chun feidhmeanna, réadmahoin agus foireann an DHDA a aistriú chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi réir ceadú ón Aire agus ón Rialtas.

## 20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 03 Meitheamh 2026.

THE DIGITAL HUB

An Roinn Cultúir,
Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture,
Communications and Sport

**An Mol Digiteach**
Baile Átha Cliath 8
D08 TCV4, Éire

**T:** +353 1 480 6200
**R:** info@thedigitalhub.com
www.thedigitalhub.com